



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

31 Bealtaine 2022

Clár

### I Gníomhartha reachtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2022/838 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil ag Eurojust, ar fianaise í a bhaineann le cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara ..... 1
- ★ Rialachán (AE) 2022/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leagtar síos rialacha idirthréimhseacha maidir le pacáistiú agus lipéadú táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe nó atá cláraithe i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE nó le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 <sup>(1)</sup> ..... 6

### II Gníomhartha neamhreachtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/840 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria ..... 8
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/841 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2022 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Bolandin” (STFC) ..... 21
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/842 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2022 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Abadía Retuerta” (STFC) ..... 22
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/843 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2022 lena bhformheastar leasuithe ar an tsonraíocht ar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó ar thásce geografach faoi chosaint (“Colli Berici” (STFC)) ..... 23

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/844 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2022 lena gceartaítear an leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> ..... 24
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/845 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha le haghaidh na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas <sup>(1)</sup> ..... 26

## CINNTÍ

- ★ Cinneadh (CBES) 2022/846 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 18 Bealtaine 2022 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/1/2022) ..... 38
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/847 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 chun tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh leathadh agus gáinneáil aindleathach mionarm agus arm éadrom (SALW) agus armlón agus a dtionchar i gcúrsa Mheiriceá a chosc agus a chomhrac ..... 40
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/848 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1464 ón gComhairle maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn .... 50
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/849 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria ..... 52

---

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## I

(Gníomhartha reachtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2022/838 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Bealtaine 2022

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil ag Eurojust, ar fianaise í a bhaineann le cinadhóthú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 85 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach <sup>(1)</sup>,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, bunaíodh Eurojust agus leagtar amach ann a chúraimí, inniúlacht agus feidhmeanna.
- (2) Le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1727, foráiltear go bhfuil Eurojust inniúil i dtaca leis na foirmeacha coireachta tromchúisí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, lena n-áirítear cinadhóthú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh. De bhun Airteagal 3(4) de Rialachán (AE) 2018/1727, cumhdaítear faoi inniúlacht Eurojust freisin cionta coiriúla a bhaineann leis na cionta coiriúla a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (3) An 24 Feabhra 2022, thosaigh Cónaidhm na Rúise ag tabhairt fogha míleata faoin Úcráin. Tá bonn réasúnach ann chun a chreidiúint go ndearnadh coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh san Úcráin agus go bhfuil siad á ndéanamh san Úcráin i gcomhthéacs na cogáochta atá ann faoi láthair.
- (4) I bhfianaise thromchúis na staide, ba cheart don Aontas gach beart is gá a dhéanamh, mar ábhar práinne, chun a áirithiú go gcuirfean an fhreagracht orthu siúd a dhéanann coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh san Úcráin.
- (5) Tá tús curtha ag seirbhísí ionchúisimh i roinnt Ballstát agus san Úcráin le himscrúduithe maidir leis na himeachtaí san Úcráin, ag brath, nuair is iomchuí, ar thacaíocht ó Eurojust. An 27 Meitheamh 2016, thug Eurojust comhaontú comhair i gcrích leis an Úcráin. I gcomhréir leis an gcomhaontú sin, rinne an Úcráin ionchúisitheoir idirchaidrimh a phostú chuig Eurojust chun comhar idir Eurojust agus an Úcráin a éascú.

<sup>(1)</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 25 Bealtaine 2022

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).

- (6) De bhun Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta an 17 Iúil 1998, tá an chumhacht ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a dlínse a fheidhmiú ar dhaoine atá freagrach as na coireanna is tromchúisí arb ábhar inmí ar an leibhéal idirnáisiúnta iad, dá dtagraítear ann. Comhlánaíonn dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta dlínsí coiriúla náisiúnta. Tá sé fógartha ag Oifig Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta go bhfuil imscrúdú oscailte aici faoin staid san Úcráin.
- (7) De bharr chur i bhfeidhm phrionsabal na dlínse uilíche i roinnt Ballstát agus de bharr chineál comhlántach dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, tá sé tábhachtach fianaise a chomhordú agus a mhalartú idir údaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndlínse éagsúla agus leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta nó le haon chúirt, binse nó sásra eile a bunaíodh chun na críche sin ionas go n-áiríteofar éifeachtacht na n-imscrúduithe agus na n-ionchúiseamh a dhéantar ar chinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara, lena n-áirítear na cionta agus na coireanna sin a d'fhéadfaí a dhéanamh san Úcráin i gcomhthéacs na cogaióchta atá ann faoi láthair.
- (8) An fhianaise agus na dea-chleachtais a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a ionchúiseamh, chun a áirithiú go ndéanfar an fhianaise sin agus na dea-chleachtais sin a chomhroinnt le húdaráis náisiúnta inniúla agus le húdaráis bhreithiúnacha idirnáisiúnta, ba cheart do Eurojust feabhas a chur ar a chomhar le cúirteanna coiriúla, le binsí coiriúla agus le sásraí coiriúla arna mbunú chun aghaidh a thabhairt ar shárúithe ar an dlí idirnáisiúnta. Chun na críche sin, ba cheart do Eurojust dlúthchomhar a bhunú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus le haon chúirt, binse nó sásra eile arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar choireanna a dhéanann difear don tsíocháin idirnáisiúnta agus don tsábháilteacht idirnáisiúnta. Dá réir sin, maidir le hiarrataí ar chomhar breithiúnach ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta nó ó chúirteanna coiriúla speisialta, binsí coiriúla speisialta nó sásraí coiriúla speisialta i ndáil le fianaise a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara, ba cheart do Eurojust forghníomhú na n-iarrataí sin a éascú.
- (9) Tá baol ann nach féidir fianaise a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a stóráil go sábháilte ar an gcóiríoch ina bhfuil an chogaiócht ar siúl. Is amhlaidh an cás freisin maidir le fianaise a bhaineann leis an gcogaiócht leanúnach san Úcráin. Dá bhrí sin, is iomchuí saoráid stórála lárnach a bhunú in áit shábháilte. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le saoráid stórála lárnach freisin maidir le fianaise arna bailiú ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, údaráis idirnáisiúnta nó tríú páirtithe amháil eagraíochtaí na sochaí sibhialta ionas go mbeadh rochtain ag údaráis náisiúnta inniúla agus ag údaráis bhreithiúnacha idirnáisiúnta ar an bhfianaise.
- (10) Tá an saineolas agus an taithí ag Eurojust chun tacú le himscrúduithe agus ionchúisimh a dhéantar ar choireanna trasteorann, lena n-áirítear cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara. Áirítear le tacú den sórt sin fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil a mhéid a bhaineann le hinghlacthacht na fianaise sin os comhair na gcúirteanna agus le hiontaofacht na fianaise sin.
- (11) Trí fhianaise a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil agus, nuair is gá agus nuair is iomchuí, trí mhalartú na fianaise sin i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí an Aontais is infheidhme a chumasú, is féidir le Eurojust tacú le cásanna a chur le chéile in imscrúduithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus is féidir leis tacaíocht bhreise a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta inniúla agus do na húdaráis bhreithiúnacha idirnáisiúnta. Go háirithe, d'fhéadfadh anailís den sórt sin a bheith an-luachmhar chun iontaofacht fianaise ó fhinnéithe a fhionnadh nó chun aon naisc ábhartha a shuí. Mar sin féin, ní thugtar isteach leis an Rialachán seo aon oibleagáid ar údaráis náisiúnta fianaise a chomhroinnt le Eurojust.
- (12) Ba cheart saoráid nua stórála shealadach a bhunú, saoráid a fhágann gur féidir fianaise a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil. Ós rud é go bhfuil géarghá le fianaise den sórt sin a stóráil, is gá do Eurojust í a stóráil i saoráid um bainistiú agus stóráil uathoibríthe sonraí, saoráid atá ar leithligh ón gcóras bainistithe cásanna a bunaíodh faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2018/1727 ('saoráid um bainistiú agus stóráil uathoibríthe sonraí'). Tá forálacha maidir le córas nua bainistithe cásanna a bhunú sa togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta. A luaithe a bunófar an córas nua bainistithe cásanna sin, ba cheart na sonraí oibríochta arna bpróiseáil go sealadach sa tsaoráid um bainistiú agus stóráil uathoibríthe sonraí a chomhtháthú isteach ann. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar amach i gCaibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(3)</sup> gan dochar do na rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1727.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (13) Maidir le fianaise a bhaineann le cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil sa tsaoráid um bainistiú agus stóráil uathobrithe sonraí, agus maidir le hinrochtaineacht na fianaise sin, nuair is gá agus nuair is iomchuí, ag na húdaráis náisiúnta inniúla agus ag na húdaráis bhreithiúnacha idirnáisiúnta, ba cheart na caighdeáin is airde maidir le cibearshlándáil agus cosaint sonraí a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe Airteagal 91 de, agus na rialacha sonracha cosanta sonraí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1727.
- (14) Is féidir íomhánna satailíte, grianghraif, físeáin agus taifeadtaí fuaime a bheith úsáideach chun a léiriú go ndearnadh cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara. Dá bhrí sin, ba cheart do Eurojust a bheith in ann íomhánna satailíte, grianghraif, físeáin agus taifeadtaí fuaime a phróiseáil agus a stóráil chun na críche sin.
- (15) Ba cheart do Eurojust agus Europol comhoibriú go dlúth le chéile i gcomhthéacs a sainorduithe faoi seach, agus an gá le hathobair a sheachaint agus a n-acmhainneacht oibríochtúil faoi seach á gcur san áireamh, go háirithe a mhéid a bhaineann le faisnéis a phróiseáil agus a anailísiú i gcomhthéacs chóras tiomnaithe Europol atá ann cheana maidir le coireanna idirnáisiúnta, ar a dtugtar ‘an Tionscadal Anailíse maidir le Croí-choireanna Idirnáisiúnta’, chun tacú le húdaráis inniúla le linn dóibh cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Dá bhrí sin, faisnéis a fhaigheann Europol agus an fheidhm oibríochtúil atá aige faoi Rialachán (AE) 2018/1727 á déanamh aige, arb é atá san fheidhm sin tacú le gníomhaíocht na mBallstát cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a chomhrac, ba cheart dó a bheith in ann an fhaisnéis sin a tharchur go Europol. Ba cheart a áireamh i gcomhar den sórt sin meastóireacht chomhpháirteach rialta ar shaincheisteanna oibríochtúla agus teicniúla.
- (16) I bhfianaise an ghá phráinnigh atá le saoráid um bainistiú agus stóráil uathobrithe sonraí a chur ar bun ag Eurojust chun déileáil le fianaise a bhaineann le cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara d’fhonn an chuntasacht i leith coireanna den sórt sin arna ndéanamh san Úcráin a áirithiú, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE), leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a gairt.
- (17) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartaí, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (18) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (19) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon ligean do Eurojust fianaise a bhaineann le cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil, malartú fianaise den sórt sin a chumasú agus saoráid um bainistiú agus stóráil uathobrithe sonraí atá ar leithligh ó chóras bainistithe cásanna Eurojust atá ann faoi láthair a bhunú agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfáidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (20) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim an 13 Bealtaine 2022.
- (21) Ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh chun saoráid nua um bainistiú agus stóráil uathobrithe sonraí a chur ar fáil go práinneach ag Eurojust, saoráid a fhágann gur féidir fianaise a bhaineann le cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil d’fhonn an chuntasacht i leith coireanna den sórt sin arna ndéanamh san Úcráin a áirithiú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1727**

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(j) tacú le gníomhaíocht na mBallstát maidir le cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a chomhrac, lena n-áirítear trí fhianaise a bhaineann leis na coireanna sin agus na cionta coiriúla gaolmhara sin a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil agus trí mhalartú na fianaise sin le húdarais náisiúnta inniúla agus údarais bhreithiúnacha idirnáisiúnta, go háirithe an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, a chumasú nó tríd an bhfianaise sin a chur ar fáil ar bhealach eile dóibh.”;

(2) In Airteagal 80, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“8. De mhaolú ar Airteagal 23(6), féadfaidh Eurojust saoráid um bainistiú agus stóráil uathoibríthe sonraí a bhunú, saoráid atá ar leithligh ón gcóras bainistithe cásanna dá dtagraítear in Airteagal 23 chun sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil chun an fheidhm oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (j), (‘saoráid um bainistiú agus stóráil uathoibríthe sonraí’) a dhéanamh.

Leis an tsaoráid um bainistiú agus stóráil uathoibríthe sonraí, comhlíonfar na caighdeáin cibearshlándála is airde.

D’ainneoin Airteagal 90 de Rialachán (AE) 2018/1725, rachaidh Eurojust i gcomhairle le MECS sula ndéantar an tsaoráid um bainistiú agus stóráil uathoibríthe sonraí a oibriú. Tabharfaidh MECS tuairim laistigh de 2 mhí ó fhógra a fháil ón Oifigeach Cosanta Sonraí.

Beidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad san fhógra ón Oifigeach Cosanta Sonraí dá dtagraítear sa tríú fomhír:

- (a) tuairisc ghinearálta ar na hoibríochtaí próiseála atá beartaithe;
- (b) measúnú ar na rioscaí do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí;
- (c) na bearta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí dá dtagraítear i bpointe (b);
- (d) coimircí, bearta slándála agus sásraí chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú agus chun a léiriú go bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh, agus cearta agus leasanna dlisteanacha na n-ábhar sonraí agus daoine eile lena mbaineann á gcur san áireamh.

Beidh feidhm ag na forálacha maidir le cosaint sonraí a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le próiseáil na sonraí sa tsaoráid um bainistiú agus stóráil uathoibríthe sonraí a mhéid is nach mbaineann siad go díreach le bunú teicniúil an chórais bainistithe cásanna. Na cearta rochtana agus na teorainneacha ama a bhaineann leis na sonraí a stóráiltear sa tsaoráid um bainistiú agus stóráil uathoibríthe sonraí, beidh siad i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le rochtain ar na comhaid oibre shealadacha a bhfuil na sonraí á stóráil i dtaca leo agus leis na teorainneacha ama ábhartha, go háirithe iad siúd a leagtar amach in Airteagal 29 den Rialachán seo.

Beidh feidhm ag an maolú dá bhforáiltear sa mhír seo fad a bheidh an córas bainistithe cásanna atá comhdhéanta de chomhaid oibre shealadacha agus d’innéacs i bhfeidhm.”;

(3) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(n):

“(n) próifílí DNA a fhaightear ón gcuid neamhchódúcháin de DNA, grianghraif agus méarloirg agus, i ndáil leis na coireanna agus na cionta coiriúla gaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (j), físeáin agus taifeadtaí fuaime.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(f):

“(f) tuairisc agus cineál na gcionta a bhaineann leis an duine lena mbaineann, an dáta a ndearnadh na cionta agus an suíomh ina ndearnadh iad, catagóir choiriúil na gcionta, dul chun cinn na n-imscrúduithe agus, i ndáil leis na coireanna agus na cionta coiriúla gaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (j), faisnéis a bhaineann le hiompar choiriúil, lena n-áirítear taifeadtaí fuaime, físeáin, íomhánna satailíte agus grianghraif.”;

*Airteagal 2***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthai.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*  
R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
B. LE MAIRE

---

**RIALACHÁN (AE) 2022/839 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 30 Bealtaine 2022**

**lena leagtar síos rialacha idirthréimhseacha maidir le pacáistiú agus lipéadú táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe nó atá cláraithe i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE nó le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 168(4), pointe (b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa <sup>(1)</sup>,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach <sup>(2)</sup>,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thosaigh Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> d'fheidhm a bheith aige an 28 Eanáir 2022.
- (2) Sealbhóirí údaruithe margaíochta agus sealbhóirí clárúcháin táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe nó atá cláraithe faoi Threoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup> nó faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup>, ní bheidh siad in ann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10 go 16 de Rialachán (AE) 2019/6, a chomhlíonadh faoin 28 Eanáir 2022. Thairis sin, na modhnuithe uile is gá, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (39) de Rialachán (AE) 2019/6, ar údaruithe margaíochta arna ndeonú i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE nó Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, agus dá bhrí sin, níl na húdaráis inniúla in ann na modhnuithe sin a phróiseáil chun a áirithiú go gcomhlíontar Airteagal 10 go 16 de Rialachán (AE) 2019/6 go tráthúil.
- (3) Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le rialacha idirthréimhseacha do phacáistiú agus lipéadú táirgí íocshláinte tréidliachta arna n-údarú nó arna gcláraíodh i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE nó le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 chun a áirithiú go leanfar de na táirgí íocshláinte tréidliachta sin a bheith ar fáil san Aontas agus chun deimhneacht dhlíthiúil a shuí. Ba cheart na rialacha idirthréimhseacha a theorannú do tháirgí íocshláinte tréidliachta nach gcomhlíontar leo na ceanglais maidir le pacáistiú agus lipéadú atá i Rialachán (AE) 2019/6 ach lena gcomhlíontar forálacha eile uile Rialachán (AE) 2019/6.
- (4) Ní leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ceanglais shonracha maidir le lipéadú agus pacáistiú. Mar sin féin, fágann Airteagal 31(1), Airteagal 34(1), pointe (c), Airteagal 34(4), pointe (e), agus Airteagal 37(1), an dara fómhír, de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, sa leagan is infheidhme an 27 Eanáir 2022, go bhfuil táirgí arna n-údarú faoin Rialachán sin le hAirteagal 58 go 64 de Threoir 2001/82/CE a chomhlíonadh.

<sup>(1)</sup> Tuairim an 23 Márta 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

<sup>(2)</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Bealtaine 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2022

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

<sup>(4)</sup> Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta (IO L 311, 28.11.2001, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).



- (5) Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha idirthréimhseacha ar cheart feidhm a bheith acu ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/6, eadhon ón 28 Eanáir 2022 ar aghaidh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin.
- (6) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (7) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “táirge íocshláinte tréidliachta” táirge íocshláinte tréidliachta mar a shainmhínítear é in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/6;
- (2) ciallaíonn “lipéadú” lipéadú mar a shainmhínítear é in Airteagal 4, pointe (24) de Rialachán (AE) 2019/6;
- (3) ciallaíonn “bileog phacáiste” bileog phacáiste mar a shainmhínítear é in Airteagal 4, pointe (27), de Rialachán (AE) 2019/6;
- (4) ciallaíonn “cur ar an margadh” cur ar an margadh mar a shainmhínítear é Airteagal 4, pointe (35), de Rialachán (AE) 2019/6;

*Airteagal 2*

**Rialacha idirthréimhseacha**

Táirgí íocshláinte tréidliachta a údaraíodh nó a cláraíodh i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE nó le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 agus lena gcomhlíontar Airteagail 58 go 64 de Threoir 2001/82/CE, sa leagan is infheidhme an 27 Eanáir 2022, d’fhéadfaí iad a chur ar an margadh go dtí an 29 Eanáir 2027, fiú mura bhfuil a lipéadú agus, i gcás inarb infheidhme, a mbileog phacáiste i gcomhréir le hAirteagal 10 go 16 de Rialachán (AE) 2019/6.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 28 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Buiséil, 30 Bealtaine 2022.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

B. LE MAIRE

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/840 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Bealtaine 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 32 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria.
- (2) Ar bhonn athbhreithniú ar na bearta, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le 18 duine nádúrtha agus le 13 eintiteas atá ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú.
- (3) Ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le beirt daoine aonair atá éagtha a scriosadh ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.
- (4) Ba cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin a scriosadh ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 tar éis breithiúnas a bheith faighte ón gCúirt Ghinearálta an 16 Márta 2022.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

<sup>(1)</sup> IO L 16, 19.1.2012, lch. 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

C. COLONNA

---

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leanas:

(1) i Roinn A (Daoine), scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

40. Muhammad Bukhaytan;

262. Salam Tohme;

293. Abdelkader Sabra;

(2) I Roinn A (Daoine), cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	Ali MAMLUK (ar a dtugtar freisin Ali Mamlouk; Ali Al-Mamlouk; Abu Ayham) (علي المملوك; أبو أيهم; علي مملوك)	Dáta Breithe: 19.2.1946; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Pas taidhleoireachta Uimh. 983; Inscne: fireann	Leas-uachtarán den Syrian Arab Republic for Security Affairs. Iar-Stiúrthóir an National Security Bureau. Iar-Cheann an Syrian General Intelligence Directorate bainteach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí.	9.5.2011
4.	Atif NAJIB (ar a dtugtar freisin Atef; Atej Najeeb) (عاطف نجيب)	Áit bhreithe: Jablah, Syria; Grád: Briogáidire-Ghinearál; Inscne: fireann	Iar-Cheann an Political Security Directorate in Dara'a. Bainteach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí. Ball de theaghlach Assad: col ceathrar leis an Uachtarán Bashar al-Assad.	9.5.2011
28.	Khalid (ar a dtugtar freisin Khaled) QADDUR (ar a dtugtar freisin Qadour, Qaddour, Kaddour) (خالد قذور)	Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna aige agus/nó gníomhaíochtaí aige in earnáil na teileachumarsáide agus i dtionscail na hola, an phlaistigh agus an tobac agus a bhfuil dlúthchaidreamh gnó aige le Maher al-Assad. Tá sé nasctha le gníomhaíochtaí smuigleála.  Baineann sé tairbhe as réimeas na Siria agus tugann sé tacaíocht dó trína chuid gníomhaíochtaí gnó.  Comhlach Maher al-Assad, lena n-áirítear trína chuid gníomhaíochtaí gnó.	27.1.2015
33.	Ayman JABIR (ar a dtugtar freisin Aiman Jaber) (أيمن جابر)	Áit bhreithe: Latakia, Syria; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, agus a bhfuil baint aige leis na hearnálacha cruach, meán, earraí inchaite agus ola, lena n-áirítear trádáil na n-earraí sin. Tá leas airgeadais aige agus/nó tá poist feidhmiúcháin shinsearacha aige i roinnt cuideachtaí agus eintiteassa tSiria, go háirithe Al Jazira (ar a dtugtar freisin Al Jazerra; El Jazireh), Dunia TV, agus Sama Satellite Channel.	27.1.2015

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Trína chuideachta Al Jazira, d'éascaigh Ayman Jabir ola a allmhairiú ó Overseas Petroleum Trading chuig an tSiria.</p> <p>Baineann Ayman Jabir tairbhe as réimeas na Siria agus tugann sé tacaíocht dó trína chuid gníomhaíochtaí gnó.</p> <p>Cuireann sé tacaíocht ar fáil go díreach do ghníomhaíochtaí mílístí atá cleamhnaithe le réimeas ar a dtugtar Shabiha agus/nó Suqur as-Sahraa, agus tá príomhról aige sna gníomhaíochtaí sin. Is uachtarán oinigh é ar 'Wafa lil-Watan' (dílseacht don tír dhúchais), cumann a thugann cúnamh do theaghlaigh saighdiúirí agus mílístí ón tSiria.</p> <p>Comhlach Rami Makhlouf trína ghníomhaíochtaí gnó agus comhlach Maher al-Assad trína ról i mílístí atá cleamhnaithe leis an réimeas.</p>	
48.	Samir HASSAN (سمير حسن)	Inscne: fireann	<p>Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria ag a bhfuil leasanna agus/nó gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Tá leasanna aige agus/nó tá tionchar suntasach aige in Amir Group agus in Cham Holding, dhá ilchuideachta a bhfuil leasanna acu in earnálacha na réadmhaoine, na turasóireachta, an iompair agus an airgeadais. Uachtarán ar an Syria-Russian Business Council agus tá ról suntasach aige sa chaidreamh eacnamaíoch le Russian Federation tríd an Syria-Russian Business Council.</p> <p>Tacaíonn Samir Hassan le hiarrachtaí cogaidh réimeas na Siria trí thabhartais airgid.</p> <p>Tá baint ag Samir Hassan le daoine a bhaineann tairbhe as an réimeas nó a thacaíonn leis. Go háirithe, tá baint aige le Rami Makhlouf agus Issam Anbouba, atá ainmnithe ag an gComhairle agus a bhaineann tairbhe as réimeas na Siria.</p>	27.9.2014
114.	Emad Abdul-Ghani SABOUNI (ar a dtugtar freisin Imad Abdul Ghani Al Sabuni) (عماد عبدالغني صابوني)	Dáta Breithe: 1964; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	<p>Iar-Aire Teileachumarsáide agus Teicneolaíochta, a bhí in oifig go dtí mí Aibreáin 2014 ar a laghad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach. Iar-Cheann an Planning and International Cooperation Agency (PICC). Is gníomhaireacht rialtais é PICC atá cleamhnaithe leis an bPríomh-Aireacht agus táirgeann sé, go háirithe, na pleananna 5 bliana a sholáthraíonn na mór-threoirí do bheartais eacnamaíocha agus forbartha an Rialtais.</p>	27.2.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
139.	Major General Hussam LUQA (ar a dtugtar freisin Husam, Housam, Houssam; Louqa, Louca, Louka, Luka) (حسام لوقا)	Dáta Breithe: 1964; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	Iar-Cheann ar an Security Committee of the Southern Region ó 2018 go dtí 2020. Iar-Cheann an General Security Directorate. Maor-Ghinearál. Ó mhí Aibreáin 2012 go dtí an 2 Nollaig 2018, bhí sé ina cheann ar chraobh Homs den Political Security Directorate (tháinig i gcomharbacht ar Brigadier General Nasr al-Ali). Ón 3 Nollaig 2018, ceann an Political Security Directorate. Stiúrthóir ar an General Intelligence Department ó bhí 2019 ann. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
203.	George HASWANI (ar a dtugtar freisin Heswani; Hasawani; Al Hasawani)	Seoladh: Damascus Province, Yabroud, Al Jalaa St, Syria; Faisnéis eile: Tá Hesco Engineering and Construction Company Ltd ag an seoladh céanna i Londain agus an gnóthas Briotanach, Savero Ltd.; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna aige agus/nó gníomhaíochtaí aige in earnálacha na hinnealtóireachta, na tógála agus na hola agus an gháis. Tá leasanna aige i roinnt cuideachtaí agus eintiteas sa tSiria agus/nó tá tionchar suntasach aige orthu, go háirithe HESCO Engineering and Construction Company, cuideachta mhór innealtóireachta agus tógála.	7.3.2015
204.	Emad HAMSHO (ar a dtugtar freisin Imad Hmisho; Hamchu; Hamcho; Hamisho; Hmeisho; Hemasho, حميشو) (حمشو عماد)	Seoladh: Hamsho Building 31 Baghdad Street, Damascus, Syria; Inscne: fireann	Tá post bainistíochta sinsearaí aige in Hamsho Trading. I ngeall ar an bpost sinsearach atá aige in Hamsho Trading, fochuideachta de Hamsho International, atá ainmnithe ag an gComhairle, tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria. Tá Hamsho Trading bainteach mar sin le heintiteas ainmnithe, Hamsho International.  Tá sé ina leas-uachtarán freisin ar an Syrian Council of Iron and Steel in éineacht le fir ghnó ainmnithe de chuid an réimis amhail Ayman Jabir. I measc shócmhainní Hamsho tá Syrian Metal Industries, gléasra cruach lasmuigh de Damascus, ar sholáthair Hamsho drámh-mhiotal a ghoid mílístí pró-rialtais thar thréimhse an chogaidh. Is comhlach Uachtarán Bashar al-Assad é freisin.	7.3.2015

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
245.	Muhammad Yousef HASOURI (ar a dtugtar freisin Mohammad Yousef Hasouri; Mohammed Yousef Hasouri) (محمد يوسف حاصوري)	Grád: Briogáidire-Ghinearál; Inscne: fireann	Tá an Briogáidire-Ghinearál Muhammad Hasouri ina oifigeach sinsearach sa Syrian Air Force, ó mhí na Bealtaine 2011 i leith. Bhí sé ina Cheann Foirne ar Air Force Brigade 50 agus ina Leas-Cheannasaí ar Shayrat Airbase. Oibríonn an Briogáidire-Ghinearál Muhammad Hasouri in earnáil leata arm ceimiceach agus bhí baint aige leis an sléacht ceimiceach in 'Khan Sheikhoun' an 4 Aibreán 2017. Inacháil mar oifigeach sinsearach míleata, tá sé freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois go foréigneach.	18.7.2017
247.	Jayyiz Rayyan AL-MUSA (ar a dtugtar freisin Jaz Sawada al-Hammoud al-Mousa; Jayez al-Hammoud al-Moussa) (جایز ریان الموسی)	Dáta Breithe: 1954; Áit bhreithe: Hama, Syria; Grád: Maor-Ghinearál; Inscne: fireann	IarGhobharnóir ar Hasaka, Uachtarán Bashar al-Assad a cheap; baint aige leis an Uachtarán Bashar al-Assad.  Ina Mhaor-Ghinearál, oifigeach sinsearach agus iarLeas-Cheannasaí an Syrian Air Force.  Ina cháil mar oifigeach sinsearach sa Syrian Air Force, is é atá freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois le foréigean, lena n-áirítear airm cheimiceacha a bheith á n-úsáid ag réimeas na Siria le linn dó a bheith ina Cheann Foirne ar an Syrian Air Force, mar a thuairisc an Comhshásra Imscrúdaitheach a bhunaigh na Náisiúin Aontaithe.	18.7.2017
271.	Khaled AL-ZUBAIDI (ar a dtugtar freisin (Mohammed) Khaled/Khalid (Bassam) (al-) Zubaidi/Zubedi) (خالد الزبيدي)	Náisiúntacht: Siriach; Post: Comhúinéir ar Zubaidi and Qalei LLC; Stiúrthóir ar Agar Investment Company; Bainisteoir Ginearálta ar Al Zubaidi company agus Al Zubaidi & Al Tawee Contracting Company; Stiúrthóir agus Úinéir Zubaidi Development Company; Comhúinéir Enjaz Investment Company; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, le hinfheistíochtaí suntasacha sa tionscal tógála, lena n-áirítear 50 % in Zubaidi and Qalei LLC, atá ag tógáil na só-chathrach turasóireachta Grand Town agus ar dheonaigh an réimeas comhaontú 45 bliana dó ar 19-21 % dá ioncam. Tacaíonn Khaled al-Zubaidi le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as réimeas na Siria trína ghníomhaíochtaí gnó, go háirithe tríd an mbun seo san fhorbraíocht Grand Town.  Shínigh Khaled Zubaidi urraíocht (luach USD 350 000) le club peile na Siria 'Wihda FC' trí cheann dá chuideachtaí 'Hijaz Company'. Ball de Federation of Syrian Chambers of Tourism ó 2019 i leith.	21.1.2019

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
283.	Mohammed Nazer JAMAL EDDIN (ar a dtugtar freisin Nazir Ahmad, Mohammed JamalEddine; Jamal Aldiyn) (محمد نادر جمال الدين)	Dáta Breithe: 2.1.1962; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Náisiúntacht: Siriach; Pasuimhir: N 011612445, eagrán uimh. 002-17-L022286 (áit eisiúna: Damascus, Syrian Arab Republic); Uimhir Aitheantais: 010-30208342 (áit eisiúna: Syrian Arab Republic); Post: Comhbhunaitheoir agus scairshealbhóir tromlaigh Apex Development and Projects LLC agus bunaitheoir A'ayan Company for Projects and Equipment; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus mórinfheistíochtaí aige sa tionscal tógála, lena n-áirítear bun urlámhais 90 % in Apex Development and Projects LLC, a ghlac páirt i gcomhfhiontar USD 34,8 milliún chun Marota City, sófhorbraíocht chónaithe agus tráchtála dar taca an réimeas, a thógáil. Tacaíonn Mohammed Nazer Jamal Eddin Mohammed Nazer le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína bheith rannpháirteach i bhforbraíocht Marota City. I mí na Bealtaine 2019, chruthaigh Jamal Eddin 'Trillium Private JSC', cuideachta ar fiú SYP 15 mhiliún é a bhfuil baint acu le trádáil ábhar tógála agus táirgí leictreacha.	21.1.2019
284.	Mazin AL-TARAZI (ar a dtugtar freisin <b>الترزي; مازن</b> ; Mazen al-Tarazi) (مازن الترزي)	Dáta Breithe: Meán Fómhair 1962; Náisiúntacht: Siriach; Post: Duine gnó; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus ag a bhfuil mórinfheistíochtaí sna hearnálacha tógála agus eitlíochta. Tacaíonn Mazin al-Tarazi le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína chuid infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí gnó. Go háirithe, tá margadh tugtha i gcrích ag Mazin al-Tarazi le Damascus Cham Holding le haghaidh infheistíocht USD 320 milliún i dtógáil Marota City, sófhorbraíocht chónaithe agus tráchtála dar taca an réimeas; deonaíodh ceadúnas dó freisin le haghaidh aerlíne phríobháideach sa tSiria. I Meán Fómhair 2019, chruthaigh sé 'al-Dana Group Investments LLC', cuideachta ar fiú SYP 25 mhiliún é agus atá bainteach le honnmhairiú-allmhairiú agus le hinfeistíocht in áiseanna turasoíreachta agus i gcoimpléisc tráchtála.	21.1.2019
285.	Samer FOZ (ar a dtugtar freisin Samir Foz/Fawz; Samer Zuhair Foz; Samer Foz bin Zuhair) (سامر فوز)	Dáta Breithe: 20 Bealtaine 1973; Áit bhreithe: Homs, Syria/Latakia, Syria; Náisiúntachtaí: Siriach, Turcach;	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria ag a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Soláthraíonn Samer Foz tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile do réimeas na Siria, lena n-áirítear Military Security Shield Forces sa tSiria a chistiú agus margáí gráin a shocrú. Ina theannta sin, baineann sé tairbhe airgeadais as rochtain ar dheiseanna tráchtála trí thrádáil na cruithneachta agus tionscadail atógála mar thoradh ar na naisc atá aige leis an réimeas.	21.1.2019



	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Uimhir an phas Turcach: U 09471711 (áit eisiúna: an Tuirc; dáta éaga 21.7.2024);</p> <p>Uimhir náisiúnta na Siria: 06010274705</p> <p>Seoladh: Platinum Tower, office No 2405, Jumeirah Lake Towers, Dubai, UAE;</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>D'oscail Samer Foz monarcha scagtha siúcra ('Factory Samer Foz') in 2021 mar thaca le cuspóir réimeas na Siria an táirgeadh siúcra a mhéadú ar fud na tíre.</p>	
287.	<p>Hussam AL-QATIRJI</p> <p>(ar a dtugtar freisin Hussam/Hossam Ahmed/Mohammed/Muhammad al-Katerji)</p> <p>(حسام القطرجي)</p>	<p>Dáta Breithe: 1982;</p> <p>Áit bhreithe: Raqqa, Syria;</p> <p>Náisiúntacht: Siriach;</p> <p>Post: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Katerji Group (ar a dtugtar freisin Al Qatarji Company/Qatirji Company/Khatirji Group/Katerji International Group);</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus teachta Pharlaimint na Siria. Tacaíonn Al Qatarji le réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as freisin trí mhargaí trádála maidir le hola agus cruithneacht leis an réimeas a chumasú agus brabús a dhéanamh astu.</p> <p>Fuair Hussam Al Qatarji, in éineacht lena theaghlach, ceadúnas chun banc nua a chruthú, an National Islamic Bank. Tá gléasra stroighne nua faighte acu freisin ón rialtas, trí cheann dá gcuideachtaí, Nabd Contracting and Construction. Leathnaigh siad san earnáil turasóireachta freisin agus an chuideachta Arman Hotel and Tourist Management LLC á cruthú acu. Chomh maith leis sin, chuaigh siad i mbun comhfhiontar leis an aireacht turasóireachta 'Bere Aleppo Private JSC'. Tá mílste in Aleppo á stiúradh ag Hussam Al Qatarji agus a theaghlach freisin. I nDeireadh Fómhair 2021, shínigh BSCompany for Oil Services Qateri socrú leis an réimeas chun stáisiúin gáis a sholáthar le breosla i limistéir atá i seilbh an réimis.</p>	21.1.2019
290.	<p>Waseem AL-KATTAN</p> <p>(وسيم القطان)</p> <p>(ar a dtugtar freisin Waseem, Wasseem, Wassim, Wasim; Anouar; al-Kattan, al-Katan, al-Qattan, al-Qatan; وسيم قطان, وسيم أنوار القطان)</p>	<p>Dáta Breithe: 4.3.1976;</p> <p>Náisiúntacht: Siriach;</p> <p>Post: Uachtarán Damascus Countryside (Rural) Province Chamber of Commerce;</p> <p>Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc:</p>	<p>Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, atá ag baint tairbhe as an réimeas agus atá ag tacú leis. Úinéir gnólachtaí éagsúla agus cuideachtaí sealbhaíochta a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí acu in earnálacha eacnamaíochta éagsúla amhail réadmhaoin, tionscal na n-óstán sóúla agus ionaid tráchtála. Rinne Waseem al-Kattan dul chun cinn tapa mar mhórphearsa ghnó trí chánacha a ghearradh ar earraí a smuigleáladh isteach in Oirthear Ghouta a bhí faoi léigear agus tá baint aige anois le cineálacha cliantachais atá chun sochair don réimeas. Baineann Waseem al-Kattan tairbhe airgeadais as rochtain fhabhrach ar thairiscintí poiblí agus ar cheadúnais agus ar chonarthaí arna ndámhachtain ag gníomhaireachtaí rialtais mar thoradh ar na dlúthnais atá aige leis an réimeas.</p>	17.2.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Larosa Furniture/Furnishing; Jasmine Fields Company Ltd.; Muruj Cham (Murooj al-Cham) Investment and Tourism Group; Adam and Investment LLC; Universal Market Company LLC; Cisteoir Federation of Syrian Chambers of Commerce; Inscne: fireann	In 2020, toghadh Al-Kattan ina chomhalta de Damascus Chamber of Commerce. I mí na Samhna 2021, cheap Rialtas na Siria Al-Kattan ina rúnaí ar Federation of Syrian chambers of commerce, d'ainneoin gur cailleadh na toghcháin.	
294.	Khodr Ali TAHER (ar a dtugtar freisin <b>خضر علي طاهر</b> )	Dáta Breithe: 1976; Náisiúntacht: Siriach; Post: Stiúrthóir agus úinéir Ella Media Services; duine de bhunaitheoirí Castle Security and Protection agus Jasmine Contracting Company; Cathaoirleach agus duine de bhunaitheoirí Syrian Hotel Management Company; Bainisteoir agus úinéir Ematel; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Citadel for Protection; Guard and Security Services (Castle Security and protection); Ematel LLC (Ematel Communications); Syrian Hotel Management Company; Jasmine Contracting Company; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú in iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria, lena n-áirítear an tslándáil phríobháideach, miondíol fón póca, bainistiú ósta, seirbhísí fógraíochta, aistriú airgid intíre, deochanna alcólacha agus neamh-alcólacha.  Tacaíonn sé leis réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as trí chomhar ina chuid gníomhaíochtaí gnó agus trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí smuigléireachta agus brabúsaíochta. Tá roinnt cuideachtaí faoi úinéireacht Khodr Ali Taher agus chomhbhunaigh sé roinnt eile. Tá baint aige le déileálacha gnó leis an réimeas, lena n-áirítear dul i gcomhfhiontar leis an Syrian Transport and Tourism Company, a bhfuil a dhá thrian faoi úinéireacht na hAireachta Turasóireachta.	17.2.2020'

(3) I Roinn B (Eintitis), cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	Bena Properties	Cham Holding Building, Daraa Highway, Ashrafiyat Sahnaya Rif Dimashq, Syria, P.O. Box 9525	I seilbh Rami Makhoul. An chuideachta réadmhaoine is mó sa tSiria agus fochuideachta réadmhaoine agus infheistíochta Cham Holding; soláthraíonn sé cistiú do réimeas na Siria.	23.6.2011
2.	Al Mashreq Investment Fund (AMIF) (ar a dtugtar freisin Sunduq Al Mashrek Al Istithmari)	P.O. Box 108, Damascus, Syria; Teil: +963 112110059/963 112110043; Facs: +963 933333149	I seilbh Rami Makhoul. soláthraíonn sé cistiú do réimeas na Siria.	23.6.2011
18.	Syriatel	Syriatel Mobile Telecom Building, Amman Road, Daraa Highway, Ashrafiyat Sahnaya Area, Damascus, Syria, P.O. Box 2900; Teil: +963 11 61 26 270; Facs: +963 11 23 73 97 19; R-phost: info@syriatel.com.sy; Suíomh gréasáin: <a href="http://syriatel.sy/">http://syriatel.sy/</a>	Tugann sé tacaíocht airgeadais do réimeas na Siria: trína chonradh ceadúnaithe, íocann sí 50 % nó níos mó dá bhrabús leis an Rialtas.	23.9.2011
24.	Mechanical Construction Factory (MCF)	P.O. Box 35202, Industrial Zone, Al-Qadam Road, Damascus, Syria Teil:+963 011 5810719; +963 11 4474579; +963 11 5810718; +963 11 5810719; R-phost: info@metallic-sy.com. agus shaamco@mail.sy	Cuideachta chaoch lena bhfaigheann CERS trealamh íogair.	1.1.2.2011
25.	Syronics – Syrian Arab Co. for Electronic Industries	Kaboon Street, PO Box 5966, Damascus, Syria; Teil: +963 11 5111352; Facs: +963 11 5110117 R-phost: info@syronics.com.sy	Cuideachta chaoch lena bhfaigheann CERS trealamh íogair.	1.1.2.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
26.	Handasieh – Organization for Engineering Industries	P.O. Box 5966, Abou Bakr Al-Seddeq St., Damascus, Syria agus P.O. Box 2849, Al-Moutanabi Street, Damascus, Syria agus P.O. Box 21120, Baramkeh, Damascus, Syria; Teil: + 96311 2121824; +963 11 2121825; +963 11 2131307; R-phost: g.o.eng.ind@net.sy	Cuideachta chaoch lena bhfaigheann CERS trealamh íogair.	1.1.2.2011
34.	Syrian Lebanese Commercial Bank	Syrian Lebanese Commercial Bank Building, 6th Floor, Makdessi Street, Hamra, P.O. Box 11-8701, Beirut, Lebanon; Brainse Hamra: Hamra Street, Darwish and Fakhro Building, P.O. Box 113-5127/11-8701, Beirut, Lebanon Brainse Mar Elias: Mar Elias Street, Fakhani Building, P.O. Box 145 796, Beirut, Lebanon Teil:+961 1741666; Facs: +961 1738214; Suíomh gréasáin: www.slcb.com.lb	Fochuideachta de chuid Commercial Bank of Syria arna liostú cheana. Tugann sé tacaíocht airgeadais don réimeas.	23.1.2012
38.	Central Bank of Syria	Sabah Bahrat Square, Damascus, Syria Seoladh poist: Altjreda al Maghrebeh Square, Damascus, Syria, P.O. Box: 2254 Teil: +961011 - 9985 R-phost: info@cb.gov.sy Suíomh gréasáin: https://www.cb.gov.sy/	Tugann sé tacaíocht airgeadais do réimeas na Siria.	27.2.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
56.	The Baniyas Refinery Company (ar a dtugtar freisin Baniyas; Banyas)	Baniyas Refinery Building, 26 Latkia Main Road, Tartous, P.O. Box 26, Syria;  352, Tripoli Street, PO Box 352, Homs	Fochuideachta de chuid an General Corporation for Refining and Distribution of Petroleum Products (GCRDPP), roinn de chuid Ministry of Petroleum and Mineral Resources. Tugann sé tacaíocht airgeadais do réimeas na Siria.	23.7.2014
57.	The Homs Refinery Company (ar a dtugtar freisin Hims, General Company for Homs Refinery)	General Company for Homs Refinery Building, 352 Tripoli Street, Homs, P.O. Box 352, Syria  Teil: 963-3125-16401  Facs: 963-3124-70101  R-phost: homs-refine@mail.sy	Fochuideachta de chuid an General Corporation for Refining and Distribution of Petroleum Products (GCRDPP), roinn de chuid Ministry of Petroleum and Mineral Resources. Tugann sé tacaíocht airgeadais do réimeas na Siria.	23.7.2014
67.	Hamsho Trading (ar a dtugtar freisin Hamsho Group; Grúpa Trádála Hmisho; Hmisho Economic Group)	Hamsho Building, 31 Baghdad Street, Damascus, Syria  Grúpa Hamsho, Damascus countryside – northern road-ring, Hamsho le haghaidh trádála agus tógála;  R-phost: info@hamsho-group.com.  Teil: 00963 (11) 3227530.	Fochuideachta de Hamsho International, a d'ainmnigh an Chomhairle.  Tá Hamsho Trading bainteach mar sin le heintiteas ainmnithe, Hamsho International.  Tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria trína chuid fochuideachtaí, lena n-áirítear Syria Steel. Tá sé bainteach le grúpaí amhail mílístí Shabiha, atá ar son an réimis, trína fhochuideachtaí.	7.3.2015
77.	Al Qatarji Company (ar a dtugtar freisin Qatarji International Group; Al-Sham and Al-Darwish Company; Qatirji/Khatirji/Katarji/Katerji Group) (مجموعة/شركة قطرجي)	Cineál eintitis: cuideachta phríobháideach;  Earnáil ghnó: allmhairiú/onnmhairiú; cuideachta trucaile; ola agus tráchtearraí a sholáthar;  Ainm an Stiúrhóra/an Bhainistíochta: Hussam Al Qatarji, CEO (arna ainmniú ag an gComhairle);  Úinéir tairbhíúil deiridh: Hussam Al Qatarji (arna ainmniú ag an gComhairle);  Seoladh cláraithe: Mazzah, Damascus, Syria;  Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/ naisc: Arvada/Arfada Petroleum Company JSC	Cuideachta mór le rá atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla i ngeilleagar na Siria. Sin trí thrádáil breosla, arm agus armlóin a éascú idir an réimeas agus gníomhaithe éagsúla, lena n-áirítear ISIL (Da'esh) faoi scáth earraí bia a allmhairiú agus a onnmhairiú, trí thacú le mílístí atá ag troid i dteannta an réimis agus trí bhuntáiste a bhaint as an gceangal atá aici leis an réimeas chun a gníomhaíochtaí tráchtála féin a leathnú, tacaíonn Al Qatarji Company – dar ceann feadhna an duine ainmnithe Hussam al-Qatirji agus ar comhalta é de Thionól Mhuintir na Siria – le réimeas na Siria agus baineann sí leas as an réimeas sin.	17.2.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
78.	Damascus Cham Holding Company (ar a dtugtar freisin Damascus Cham Private Joint Stock Company) (القابضة الشام دمشق)	Cineál eintitis: cuideachta atá faoi úinéireacht phoiblí faoin dlí príobháideach; An earnáil gnó: forbairt réadmhaoine; Ainm an Stiúrtóra/an Bhainistíocht: Adel Anwar al-Olabi, cathaoirleach Bhord na Stiúrtóirí agus Gobharnóir ar an Damaisc (arna ainmniú ag an gComhairle); Úinéir tairbhiúil deiridh: Gobharnóireacht na Damaisce; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Rami Makhlouf (arna ainmniú ag an gComhairle); Samer Foz (arna ainmniú ag an gComhairle); Mazen Tarazi (arna ainmniú ag an gComhairle); Talas Group, atá faoi úinéireacht an fhir gnó, Anas Talas (arna ainmniú ag an gComhairle); Khaled al-Zubaidi (arna ainmniú ag an gComhairle).	Ba é an réimeas a bhunaigh Damascus Cham Holding Company, mar ghéag infheistíochta de Ghobharnóireacht na Damaisce chun maoin ghobharnóireacht na Damaisce a bhainistiú agus tionscadal Marota City a chur chun feidhme — tionscadal réadmhaoine galánta as talamh a díshealbhaíodh uathu siúd a díshealbhaíodh faoi Fhoraithe Uimh. 66 agus Dlí Uimh. 10 go háirithe. Trí bhainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme Marota City, tacaíonn Damascus Cham Holding (dar cathaoirleach Gobharnóir na Damaisce) le réimeas na Siria agus baineann sí tairbhe as an réimeas sin agus soláthraíonn sí sochair do lucht gnó a bhfuil dlúthcheangal acu leis an réimeas agus a bhfuil margaí brabúsacha déanta acu leis an eintiteas sin trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	17.2.2020'

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/841 ÓN gCOIMISIÚN  
an 24 Bealtaine 2022**

**lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Bolandin” (STFC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 <sup>(1)</sup> ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 97(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas a chuir an Spáinn ar aghaidh an t-ainm “Bolandin” a chlárú agus tá sé foilsithe aige in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup>.
- (2) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ba cheart an t-ainm “Bolandin” a chosaint agus a iontráil sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 104 den Rialachán sin.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cosnaítear leis seo an t-ainm “Bolandin” (STFC).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,  
Ar son an Uachtaráin,  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
Comhalta den Choimisiún*

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

<sup>(2)</sup> IO C 504, 14.12.2021, lch. 48

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/842 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 24 Bealtaine 2022**

**lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Abadía Retuerta” (STFC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 <sup>(1)</sup> ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 97(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas a chuir an Spáinn ar aghaidh an t-ainm “Abadía Retuerta” a chlárú agus tá sé foilsithe aige in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup>.
- (2) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ba cheart an t-ainm “Abadía Retuerta” a chosaint agus a iontráil sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 104 den Rialachán sin.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cosnaítear leis seo an t-ainm “Abadía Retuerta” (STFC).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

<sup>(2)</sup> IO C 505, 15.12.2021, lch. 8



**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/843 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 24 Bealtaine 2022**

**lena bhformheastar leasuithe ar an tsonraíocht ar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó ar thásc geografach faoi chosaint (“Colli Berici” (STFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 <sup>(1)</sup> ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas ar leasuithe a fhortheas ar shonraíocht sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Colli Berici”, a chuir an Iodáil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (2) D’fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar fhortheas ar na leasuithe ar an tsonraíocht in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 <sup>(2)</sup>.
- (3) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhortheas i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Colli Berici” (STFC) formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

<sup>(2)</sup> IO C 497, 10.12.2021, lch. 25.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/844 ÓN gCOIMISIÚN  
an 30 Bealtaine 2022**

**lena gceartaítear an leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 23(1) agus Airteagal 27(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, tá earráid in Iarscríbhinn I (Cuid-FCL), Fochuid A, pointe FCL.010, toisc gur úsáideadh téarma mícheart i gcás ceann de na coincheapa a shainmhínítear sa phointe sin. Déanann an earráid sin difear do shubstaint na bhforálacha san áit ina n-úsáidtear an téarma ábhartha.
- (2) Sa leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 tá mionearráid eile in Iarscríbhinn I, Foscríbhinn 5, pointe 14 c 'Céim 3 – Idirmheánach', an chéad fhleasc, maidir leis an téarma mícheart a úsáidtear don sainmhíniú.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, an leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá bhforáiltear in Airteagal 127 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/845 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 30 Bealtaine 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha le haghaidh na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.
- (2) Le Rialachán Tarmiligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó chriosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear speicis agus catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmiligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas.
- (4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas.
- (5) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis: tá ráig amháin acu sin ann i stát Idaho na Stát Aontaithe agus tá an ráig eile ann i stát Michigan na Stát Aontaithe agus deimhníodh iad an 10 Bealtaine 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (6) Sa bhreis air sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i stát Minnesota na Stát Aontaithe, agus deimhníodh í an 11 Bealtaine 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (7) Thairis sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i stát Wisconsin na Stát Aontaithe, agus deimhníodh í an 13 Bealtaine 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

<sup>(1)</sup> IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmiligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis teacht isteach dóibh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

- (8) Ina theannta sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i stát Pennsylvania na Stát Aontaithe, agus deimhníodh í an 14 Bealtaine 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (9) Bhunaigh údaráis tréidliachta na Stát Aontaithe crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díbeartha chun feidhme chun láithreach an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus leathadh an ghalair sin a theorannú.
- (10) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin agus chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, níor cheart, mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis ná d'fheoil úr ó éanlaith chlóis ná d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta na Stát Aontaithe.
- (11) Thairis sin, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch i ndáil le sé ráig de HPAI a deimhníodh i mbunaíochtaí éanlaithe clóis: dhá ráig gar do Leeming Bar, Hambleton, Yorkshire Thuaidh, Sasana, an Ríocht Aontaithe, a deimhníodh an 14 agus an 24 Samhain 2021, dhá ráig gar do Willington, Derbyshire Theas, Derbyshire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, a deimhníodh an 19 Samhain 2021 agus 11 Nollaig 2021, ráig amháin gar do Clitheroe, Ribble Valley, Lancashire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, a deimhníodh an 28 Samhain 2021 agus ráig amháin gar do Watlington, King's Lynn agus Norfolk Thiar, Norfolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, a deimhníodh an 26 Nollaig 2021. Chuir an Ríocht Aontaithe isteach freisin na bearta a rinne sí chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin de HPAI, chuir an Ríocht Aontaithe beartas díothaithe chun feidhme chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Sa bheis air sin, thug an Ríocht Aontaithe chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe ba ghá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar na bunaíochtaí éanlaithe clóis a bhí ionfhabhtaithe ina críoch.
- (12) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe isteach agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh na ráigeanna de HPAI gar do Leeming Bar, Hambleton, Yorkshire Thuaidh, Sasana, an Ríocht Aontaithe, gar do Willington, Derbyshire Theas, Derbyshire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, gar do Clitheroe, Ribble Valley, Lancashire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, agus gar do Watlington, King's Lynn agus Norfolk thiar, Norfolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, i mbunaíochtaí éanlaithe clóis, go raibh na ráigeanna sin díothaithe agus nach bhfuil aon riosca ag baint a thuilleadh le tráchtearraí éanlaithe clóis a theacht isteach san Aontas ó na criosanna sa Ríocht Aontaithe óna raibh teacht isteach na dtráchtearraí éanlaithe clóis san Aontas curtha ar fionraí de dheasca na ráigeanna sin.
- (13) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.
- (14) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i Stáit Aontaithe Mheiriceá á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.
- (15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos GB-2.21:

"GB an Ríocht Aon- taithe	GB-2.21	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Raitígh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		14.11.2021	14.5.2022"

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos GB-2.25:

"GB an Ríocht Aon- taithe	GB-2.25	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Raitígh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		19.11.2021	18.5.2022

		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		19.11.2021	18.5.2022"

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos GB-2.31:

"GB an Ríocht Aon- taithe	GB-2.31	Éanlaith chlóis phóirúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Raitígh phóirúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Raitígh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		24.11.2021	14.5.2022"

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos GB-2.37:

"GB an Ríocht Aon- taithe	GB-2.37	Éanlaith chlóis phóirúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Raitígh phóirúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Raitígh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		26.11.2021	16.5.2022



		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		26.11.2021	16.5.2022"

(v) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos GB-2.58:

<b>"GB</b> an Ríocht Aon- taithe	GB-2.58	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		11.12.2021	18.5.2022"

(vi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos GB-2.78:

<b>"GB</b> an Ríocht Aon- taithe	GB-2.78	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		28.12.2021	19.5.2022

		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Raitígh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		28.12.2021	19.5.2022"

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.205 go US-2.209 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.204:

"US na Stáit Aontaithe	US-2.205	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		10.5.2022	
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		10.5.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		10.5.2022	
		Raitígh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		10.5.2022	
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		10.5.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		10.5.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		10.5.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		10.5.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		10.5.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		10.5.2022	
US-2.206	US-2.206	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		10.5.2022	
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		10.5.2022	

	Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitíigh	SP	N, P1		10.5.2022	
	Raitíigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		10.5.2022	
	Sicíní lae seachas raitíigh	DOC	N, P1		10.5.2022	
	Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		10.5.2022	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitíigh	POU-LT20	N, P1		10.5.2022	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitíigh	HEP	N, P1		10.5.2022	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		10.5.2022	
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitíigh	HE-LT20	N, P1		10.5.2022	
US-2.207	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitíigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitíigh	BPP	N, P1		11.5.2022	
	Raitíigh phórúcháin agus raitíigh tháirgiúla	BPR	N, P1		11.5.2022	
	Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitíigh	SP	N, P1		11.5.2022	
	Raitíigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		11.5.2022	
	Sicíní lae seachas raitíigh	DOC	N, P1		11.5.2022	
	Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		11.5.2022	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitíigh	POU-LT20	N, P1		11.5.2022	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitíigh	HEP	N, P1		11.5.2022	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		11.5.2022	
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitíigh	HE-LT20	N, P1		11.5.2022	
US-2.208	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitíigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitíigh	BPP	N, P1		13.5.2022	
	Raitíigh phórúcháin agus raitíigh tháirgiúla	BPR	N, P1		13.5.2022	
	Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitíigh	SP	N, P1		13.5.2022	
	Raitíigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		13.5.2022	
	Sicíní lae seachas raitíigh	DOC	N, P1		13.5.2022	

		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		13.5.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		13.5.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		13.5.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		13.5.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		13.5.2022	
	US-2.209	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		14.5.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		14.5.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		14.5.2022	
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		14.5.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		14.5.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		14.5.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		14.5.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		14.5.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		14.5.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		14.5.2022"	

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas: san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.205 go US-2.209 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.204:

"United States	US-2.205	State of Idaho Ada County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 116,2942052°W 43,7596877°N)
	US-2.206	State of Michigan Muskegon County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85,9209812°W 43.3395919°N.

	US-2.207	State of Minnesota Chisago County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 92,6956363°W 45,5063470°N).
	US-2.208	State of Wisconsin Barron 07 Barron County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 91,7498191°W 45,4483193°N).
	US-2.209	State of Pennsylvania Berks 06 Berks County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 76,1681315°W 40,4962471°N)

(2) in Iarscríbhinn XIV, leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos GB-2.21:

“GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.21	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		14.11.2021	14.5.2022”

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos GB-2.25:

“GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.25	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		19.11.2021	18.5.2022”

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos GB-2.31:

“GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.31	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		24.11.2021	14.5.2022”

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.37:

“GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.37	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		26.11.2021	16.5.2022”

(v) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.58:

“GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.58	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		11.12.2021	18.5.2022”

(vi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.78:

“GB An Ríocht Aon- taithe	GB-2.78	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		28.12.2021	19.5.2022”

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.205 go US-2.209 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.204:

“US na Stáit Aontaithe	US-2.205	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		10.5.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		10.5.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		10.5.2022	
	US-2.206	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		10.5.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		10.5.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		10.5.2022	
	US-2.207	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		11.5.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		11.5.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		11.5.2022	

US-2.208	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		13.5.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		13.5.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		13.5.2022	
US-2.209	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		14.5.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		14.5.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		14.5.2022"	

# CINNÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/846 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA an 18 Bealtaine 2022

### Iena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/1/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/233/CBES ón gComhairle an 22 Bealtaine 2013 maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2013/233/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála (CPS), i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUBAM na Libia a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.
- (2) An 14 Eanáir 2021, ghlac CPS Cinneadh (CBES) 2021/59 <sup>(2)</sup> lena gceaptar Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia ón 1 Feabhra 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2021.
- (3) An 18 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1009 <sup>(3)</sup>, lena gcuirtear síneadh le sainordú EUBAM na Libia go dtí an 30 Meitheamh 2023.
- (4) An 22 Meitheamh 2021, ghlac CPS Cinneadh (CBES) 2021/1048 <sup>(4)</sup>, lena gcuirtear síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia go dtí an 30 Meitheamh 2022.
- (5) Mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

<sup>(1)</sup> IO L 138, 24.5.2013, lch. 15.

<sup>(2)</sup> Cinneadh ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CBES) 2021/59 an 14 Eanáir 2021 maidir le ceapadh Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/1/2021) (IO L 26, 26.1.2021, lch. 3).

<sup>(3)</sup> Cinneadh (CBES) 2021/1009 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 lena leasaítear Cinneadh 2013/233/CBES maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (IO L 222, 22.6.2021, lch. 18).

<sup>(4)</sup> Cinneadh (CBES) 2021/1048 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 22 Meitheamh 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/2/2021) (IO L 228, 28.6.2021, lch. 1).



*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

D. PRONK

*An Cathaoirleach*

---

**CINNEADH (CBES) 2022/847 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 30 Bealtaine 2022**

**chun tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh leathadh agus gáinneáil aindleathach mionarm agus arm éadrom (SALW) agus armlón agus a dtionchar i gcríocha Mheiriceá a chosc agus a chomhrac**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Straitéis an Aontais i gcoinne Airm Thine, Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha ('SALW') agus a n-Armlón, dar teideal 'Securing Arms, Protecting Citizens' (the 'EU SALW Strategy') ('Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint' ('Straitéis SALW an Aontais')), ina leagtar amach na treoirínte maidir le gníomhaíocht an Aontais i réimse na mionarm agus na n-arm éadrom (SALW).
- (2) Le Straitéis SALW an Aontais, cuirtear de cheangal ar an Aontas agus na Ballstáit ar an leibhéal réigiúnach cúnaimh a chur ar fáil do thíortha eile d'fhonn feabhas a chur ar bhainistiú agus ar shlándáil stoc-charn atá i seilbh an stáit tríd na creata reachtacha agus riaracháin náisiúnta a neartú agus na hinstiúidí náisiúnta a rialaíonn soláthar dlísteanach agus bainistiú stoc-charn SALW agus armlóin le haghaidh fórsaí cosanta agus slándála a neartú.
- (3) Tugtar ar aird i Straitéis SALW an Aontais go lorgóidh an tAontas sineirge leis na stáit Mheiriceánacha agus na heagraíochtaí réigiúnacha ábhartha chun leathadh aindleathach agus gáinneáil SALW a laghdú, d'fhonn an foréigean armtha agus an ghníomhaíocht choiriúil a laghdú.
- (4) Tá lorg nach beag fágtha ag an leathadh agus carnadh iomarcach SALW ar Mheiriceá Laidineach agus ar Mhuir Chairib. Áirítear i gcónaí leathsféar Mheiriceá ar cheann de na réigiúin is mó foréigean ar domhan. De réir an staidéir dhomhanda is déanaí maidir le dúnbhású ó Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) in 2017, chláraigh an réigiún ráta 17,2 dúnbhású in aghaidh gach 100 000 cónaitheoir, beagnach a thrí oiread níos airde ná an meán domhanda. Is le húsáid arm tine a dhéantar formhór mór na ndúnbhásuithe, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na tosaíochtaí ar an gclár oibre idir-Mheiriceánach go ndéantar leathadh aindleathach agus gáinneáil arm agus armlón a chomhrac agus a chosc.
- (5) I gcomhréir le Straitéis SALW an Aontais, neartóidh an tAontas a idirphlé agus a chomhar le heagraíochtaí réigiúnacha a oibríonn ar rialú mionarm agus mionarm éadrom, trína chuid gníomhaíochtaí a ailíniú le straitéisí réigiúnacha agus pleananna gníomhaíochta réigiúnacha.
- (6) Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh (OAS) i gcoinne déantúsaíocht neamhdhleathach agus gáinneáil arm tine, armlón, pléascán, agus ábhar gaolmhar is ea Eagraíocht na Stát Meiriceánach (OAS) agus tá tionscnaimh réigiúnacha lena ndéantar SALW aindleathacha a chomhrac i gcríocha Mheiriceá á gcomhordú agus á gcur chun feidhme aici.
- (7) Thug an tAontas tacaíocht do ghníomhaíochtaí OAS roimhe seo trí bhíthin Chinneadh 2018/2010/CBES <sup>(1)</sup> ón gComhairle a thacaíonn le gníomhaíochtaí lena ndéantar leathadh aindleathach agus gáinneáil arm, agus armlón agus a dtionchar i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib a chomhrac. I ndáil leis sin, chinn an tAontas an tionscnamh sin a mhaoiniú go díreach chun an foréigean armtha agus an ghníomhaíocht choiriúil a laghdú.

<sup>(1)</sup> Cinneadh (CBES) 2018/2010 ón gComhairle an 17 Nollaig 2018 chun tacú le leathadh aindleathach agus gáinneáil mionarm, armán éadrom agus armlón agus a dtionchar i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib a chomhrac faoi chuimsiú Straitéis an Aontais Eorpaigh in aghaidh Airm Thine, Mionairm agus Airm Éadroma Aindleathacha agus a nArmlón dar teideal 'Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint' (IO L 322, 18.12.2018, lch. 27).

- (8) An 30 Meitheamh 2018, ag an tríú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe i gcoinne Mionarmán agus Arm Éadrom Aindleathach, glacadh doiciméad deiridh ina ndéarna na Stáit athnuachan ar a ngealltanas atreorú mionarm agus arm éadrom a chosc agus a chomhrac. D'athdhearbhaigh na Stáit go bhfuil siad toilteanach leanúint de chomhar idirnáisiúnta agus comhar réigiúnach a threisiú trí chomhordú, comhairliúchán, malartú faisnéise agus comhar oibríochtúil feabhsaithe, ina bhfuil eagraíochtaí ábhartha réigiúnacha agus foréigiúnacha páirteach, chomh maith le húdaráis forfheidhmithe dlí, rialaithe teorann agus ceadúnaithe onnmhairithe agus allmhairithe.
- (9) Dearbhaítear i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe nach mór cur i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus in airm éadroma chun go leor de na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an tsíocháin, leis an gceartas agus le hinstiúidí láidre, leis an mbochtaineacht a laghdú, leis an bhfás eacnamaíoch, leis an tsláinte, le comhionannas inscne agus le cathracha sábháilte. Dá bhrí sin, i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16.4, gheall na Stáit uile go bhféachfaidís leis na sreafaí aindleathacha airgeadais agus arm a laghdú go suntasach.
- (10) Ina Chlár Oibre um Dhí-armáil dar teideal 'Securing our Common Future' [Ár dTodhchaí Choiteann a Shlánú], a cuireadh i láthair an 24 Bealtaine 2018, d'iarr Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe go dtabharfaí aghaidh ar charnadh iomarcach agus ar thrádáil aindleathach gnáth-arm agus go dtacófaí le cineálacha cur chuige ar leibhéal na tíre maidir le mionairm.
- (11) Leis an dara céim (Céim II), sa tslí go leanfar leis na hiarrachtaí atá déanta ag an Aontas cheana, tá paraidím an iltaobhachais agus na sineirgí idir an tAontas agus OAS á coinneáil i réim, agus comhlánaítear léi obair dhomhanda an Aontais sa réimse sin trí dhíriú ar réigiún a bhfuil lorg suntasach fágtha air ag leathadh, carnadh iomarcach, agus gáinneáil SALW,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

1. D'fhonn Straitéis SALW an Aontais a chur chun feidhme, is é is cuspóir don Chinneadh seo aghaidh a thabhairt ar an bhforéigean armtha i gCríocha Mheiriceá. Chuige sin, maoineoidh an tAontas an tionscadal arna thuairisciú san Iarscríbhinn, arb é is aidhm dó leathadh agus gáinneáil aindleathach arm tine agus muinisin a chomhrac, agus cosc a chur ar phobail ar mór an suaitheadh atá á bhaint astu a bheith i dtadhall le hairm thine.
2. De bhun mhír 1, is iad seo a leanas cuspóirí an Chinnidh seo:
  - (a) an Creat Rialála Náisiúnta um Arm Tine a neartú, agus dea-cleachtais normatacha idirnáisiúnta á gcur san áireamh;
  - (b) acmhainn oibríochtúil na n-údarás náisiúnta a fheabhsú chun airm thine a mharcáil, a rianú, a stóráil agus a scriosadh;
  - (c) barr feabhais a chur ar rialú mionarm trí úsáid a bhaint as an Sásra Réigiúnach Cumarsáide maidir le hAistrithe Dleathacha Arm Tine agus Armlón (MCTA);
  - (d) athléimneacht an phobail ar fhoréigean gunna a neartú agus rochtain ar airm thine aindleathacha/agus nó gan iarraidh a laghdú;
  - (e) treochlár a fhorbairt do Mheiriceá Láir maidir le hAirm Thine chun uirlis phraiticiúil agus bhainistíochta a thabhairt do na tíortha trí bhíthin cur chuige réigiúnach comhordaithe fianaise-bhuanaithe.
3. Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

#### *Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.
2. Is í OAS a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur i gcrích.
3. Déanfaidh OAS a cuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le OAS.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 4 240 906 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas.
2. Bainistefar an caiteachas a mhaoinítear leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 i gcomhréir leis na nósanna imeachta ag na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.
3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar dhea-bhainistiú an chaiteachais dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú deontais is gá i gcrích le OAS. Sonrófar sa chomhaontú deontais go n-áiritheoidh OAS infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid.
4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú deontais dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoi aon deacrachtaí sa phróiseas sin agus faoin dáta a thabharfar an comhaontú deontais i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha insinte tráthrialta arna n-ullmhú ag OAS. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht atá le déanamh ag an gComhairle.
2. Tuairisceoidh an Coimisiún maidir le gnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.
2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú deontais dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, mura mbeidh aon chomhaontú tugtha i gcrích laistigh den tréimhse 6 mhí sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
C. COLONNA

## IARSCRÍBHINN

## DOICIMÉAD TIONSCADAIL

LEATHADH AGUS GÁINNEÁIL AINDLEATHACH MIONARM, ARMÁN ÉADROM, AGUS ARMLÓIN AGUS AR A DTIONCHAR I GCRIÓCHA MHEIRICEÁ A CHOSC

## 1. Cúlra

Tá críocha Mheiriceá ar cheann de na réigiúin is mó ar domhan a bhfuil tionchar ag an bhforéigean armtha orthu: in 2017, cláraíodh iontu an ráta dúnbhásaithe réigiúnach is airde ina raibh 17.2 dúnbhású in aghaidh 100 000 áitritheoir, i gcomparáid le meán domhanda 6.1 in aghaidh 100 000 áitritheoir <sup>(1)</sup>. Tá rochtain agus fáil éasca ar airm thine i gcuid mhaith de na tíortha sin agus is iad sin is cúis le cuid mhór de na rátaí sin. Déantar beagnach 75 % de dhúnbhásuithe an réigiúin le hairm thine <sup>(2)</sup>. Tá an réigiún ar na príomháiteanna a seoltar airm thine chucu trí gháinneáil aindleathach chomh maith <sup>(3)</sup>.

I ngeall, den chuid is mó, ar na treocheartaí diúltacha sin, tá leathadh arm tine agus gáinneáil aindleathach ina dtosaíocht anois ar chlár oibre slándála na saoránach sa réigiún. Tá béim leagtha ag tíortha i gCríocha Mheiriceá ar an tábhacht a bhaineann le comhordú agus le straitéisí trasteorann i bhfianaise chastacht mhéadaitheach agus idirnáisiúnu eagraíochtaí coiriúla. Ceapadh agus síníodh an Coinbhinsiún Idir-Mheiriceánach i gcoinne Monarú agus Gáinneáil Aindleathach Arm Tine, Armlón, Pléascán agus Ábhar Gaolmhar Eile (CIFTA) in 1997 mar gheall ar an tiomantas sin, arbh é an chéad chomhaontú ceangailteach réigiúnach den chineál sin. Agus é daingnithe ag 31 Bhallstát d'Eagraíocht na Stát Meiriceánach (OAS), is uirlis bhunúsach é CIFTA chun aghaidh a thabhairt ar an trádáil aindleathach mionarm sa réigiún.

Mar sin féin, in ainneoin na sár-iarrachtaí atá déanta ag na húdaráis náisiúnta, ní féidir leis na tíortha CIFTA a chur chun feidhme go hiomlán fós. Tá castacht na coireachta eagraithe a rialaíonn an gháinneáil arm sa réigiún, lena n-áirítear speisialtóireacht oibre, struchtúir chomhordúcháin agus idirnáisiúnu oibríochtaí, ina ndúshlán ollmhóra roimh chumas tíortha na coireanna sin a imscrúdú agus daoine a ionchúiseamh astu. Bíonn siad ag streachailt freisin le prótacail eile a chomhlíonadh agus le straitéisí a chur chun feidhme lena bhféadfaí leathadh agus infhaighteacht arm tine a laghdú. Ní chuireann fórsaí míleata agus slándála prótacail bainistithe stoc-charn chun feidhme go córasach, rud a mhéadaíonn an dóchúlacht go ndéanfar airm thine agus armlón a atreorú chuig an margadh aindleathach, chomh maith leis an riosca go dtarlódh pléascanna gan choinne i stórais. Déantar marcáil, coimeád taifead agus rianú arm tine go neamhréireach sa réigiún, rudaí a chuireann stop le himscrúduithe coiriúla a d'fhéadfadh foirse na n-arm tine a rianú, iad a nascadh le láithreacha coire éagsúla, agus líonraí gáinneála aindleathaí a nochtadh. D'uireasa reachtaíochta intíre ina léirítear oibleagáidí CIFTA agus ina sainordaitear na gníomhaíochtaí sin, cuirtear isteach ar leanúnachas agus ar inbhuanaitheacht na gcleachtas sin.

Ar leibhéal eile, tá dúshlán fós roimh an gcuid is mó den réigiún maidir le dea-bhail a phobal a chur chun cinn, ar pobail iad atá thíos go mór le bochtaineacht, dífhostaíocht, agus easpa rochtana ar sheirbhísí poiblí, i measc dálaí eile a fhágann go bhfuil siad leochaileach. Is mó seans go mbeidh daoine de na pobail sin thíos le foréigean armtha nó páirteach ann. Dá bhrí sin, chun buanú thimthriallta an fhoréigin a sheachaint, ní leor díriú ar bheartais rialaithe gunnaí amháin. Is gá aghaidh a thabhairt ar na tosca riosca sin agus teacht aniar mhuintir an phobail a neartú. Tá sé rithábhachtach beartais díansmachta agus coiscitheacha a chomhcheangal chun leibhéal an fhoréigin armtha a laghdú sa réigiún. Chun freagairt ar na dúshlán sin, in 2019, d'fhormheas Ballstáit OAS an chéad Phlean Gníomhaíochta Leathsféaraigh chun Treoir a thabhairt maidir le Dearadh na mBeartais Poiblí chun Dúnbhású a Chosc agus a Laghdú, agus aird á tabhairt acu ar chreat an Chláir Idir-Mheiriceánaigh chun Foréigean agus Coireacht a Chosc. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta sraith 28 moladh maidir le (1) faisnéis agus fianaise eolaíoch a tháirgeadh, a scaipeadh agus a úsáid; (2) beartais choisc a cheapadh agus a chur chun feidhme, chomh maith leis (3) an gceartas coiriúil.

Is sa chomhthéacs sin atá tacaíocht á tabhairt ag Roinn Slándála Poiblí OAS (DPS/OAS), ó 2007 i leith, do thíortha Mheiriceá chun feabhas a chur ar a n-acmhainneachtaí oibleagáidí <sup>(4)</sup> agus sainorduithe CIFTA a chomhlíonadh, ar oibleagáidí agus sainorduithe iad a bunaíodh chun foréigean agus coireanna a chosc, go háirithe i measc na bpobal is leochaillí. Tar éis sos cúig bliana, rinne an DPS/OAS a chlár oibríochtúla a athghníomhachtú in 2019 le cistiú ón Aontas Eorpach. Cuireadh tús leis an tionscadal '*Countering Illicit Proliferation and Trafficking of Small Arms, Light Weapons (SALW) and Ammunition and their Impact in Latin America and the Caribbean*' [Leathadh agus gáinneáil aindleathach mionarm, armán éadrom agus armlón agus a dtionchar i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib a chosc], in 2019 agus tháinig deireadh

<sup>(1)</sup> UNODC, *Global Study on Homicide* [Staidéar Domhanda ar Dhúnbhású]. 2019. <https://www.unodc.org/unodc/en/data-and-analysis/global-study-on-homicide.html>

<sup>(2)</sup> Ibid.

<sup>(3)</sup> De réir an Staidéir Dhomhanda ar Gháinneáil Arm Tine, is i Meiriceá Láir agus i Meiriceá Theas, mar aon leis an Áise Thiar, atá 80 % de na cinn scríbe a seoltar airm thine gháinneáilte chucu (UNODC, 2020).

<sup>(4)</sup> Ó 2007 go 2015, chuir an DPS/OAS tionscnaimh de chuid an Chláir Cúnaimh um Rialú Arm agus Mionarm sa réigiún (PACAM) chun feidhme. Chuaigh sé seo chun tairbhe do 25 Bhallstát OAS, rud a d'fhág gur mharcáil siad os cionn 290 000 arm tine agus gur scriosadh 60 000 arm eile, agus breis agus 1 700 tonna armlóin ar fud an réigiúin.

leis in 2021. Is tionscnamh cuimsitheach rialaithe arm é a cuireadh chun feidhme faoi chuimsiú Chlár an Chláir Cúnaimh maidir le Rialú agus Armlón (PACAM) de chuid DPS; cuirtear san áireamh ann na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghníomhaíochtaí roimhe seo agus cuirtear leis na torthaí rathúla sin chun cur chun feidhme shainorduithe réigiúnacha CIFTA agus sainorduithe réigiúnacha chosc na coireachta a chur chun cinn a thuilleadh. Mar sin féin, bhí tionchar díreach ag paindéim COVID-19 agus ag na bearta sriantacha arna nglacadh ag tíortha chun aghaidh a thabhairt air ar chur chun feidhme an tionscadail, go háirithe na gnéithe de nach mór a sholáthar ar an láthair, le hoiliúint agus maoirseacht dhíreach ar oifigigh (amhail SALW a scriosadh agus a mharcaíl). Ina theannta sin, laghdaíodh cumas na rialtas comhoibriú agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí tionscadail, de réir mar a díriodh a n-aird ar aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim sláinte nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin. Dá thoradh sin, níor mhór raon feidhme an tionscadail a choigeartú, rud a d'imir tionchar ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo.

I bhfianaise na ndúshlán sin, mar aon le riachtanais mhéadaitheacha na dtíortha (nach bhfuiltear ag súil go dtabharfar aghaidh orthu go hiomlán i dtionscnamh trí bliana), leanfar le Céim II den tionscadal de thacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil do na tíortha, agus é mar aidhm smacht náisiúnta a bheith acu ar na próisis sin. Is léir ó thaithí DPS/OAS go bhfuil gá le tacaíocht leanúnach chun leanúint den dul chun cinn maidir le rialú arm tine agus cosc ar fhoréigean gunnaí agus ar choireacht gunnaí, agus dá réir sin, cuirfear san áireamh leis an gcéim nua sin tábhacht na straitéisí fadtéarmacha chun athrú fóinteach inbhuanaithe a chur ar fáil i mbeartais agus i gcoinníollacha slándála.

## 2. Cur Chuige Teicniúil

Le linn Chéim II, leanfaidh DPS/OAS d'infheistíocht a dhéanamh i gcur chuige iomlánaíoch ina gcomhcheanglaítear lionsaí diansmachta agus coisctheacha, mar aon le gníomhaíochtaí normatacha agus oibríochtúla, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist chasta an fhoréigin armtha agus na gáinneála aindleathaí sa réigiún. Mar a léiríodh i réigiúin eile, tá creat reachtach, armónach, comhtháite, nua-aimseartha, i gcomhréir leis an gcreat normatach idirnáisiúnta, mar bhonn le beartais éifeachtacha rialaithe arm tine. I dteannta na n-athruithe reachtacha, ní mór feabhas a chur ar acmhainneachtaí tíortha an dlí a oibríochtú agus a chur chun feidhme. Dá réir sin, trí bheith ag obair ar fud an dá réimse sin, beidh an tionscadal in ann díriú go comhuaineach ar riachtanais na dtíortha agus athruithe fadtéarmacha inbhuanaithe a chur chun cinn. Déanfar na gníomhaíochtaí sin chun rialú arm tine a neartú agus chun infhaighteacht arm tine a laghdú a chomhlánú le cur chuige coisctheach chun an t-éileamh i bpobail a bhfuil tionchar mór ag foréigean armtha orthu a laghdú, agus béim ar leith á leagan ar chosc a chur ar fhoréigean inscnebhunaithe a bhaineann le mí-úsáid arm tine. Le gníomhaíochtaí chun cleachtais shábháilte a chur chun cinn i measc shaoránaigh na bpobal, chomh maith le réiteach coinbhleachtaí, cúnaimh d'íospartaigh agus do mharthanóirí an fhoréigin, agus géilleadh deonach SALW agus armlón, féachtar le feabhas a chur ar theacht aniar an phobail i gcoinne an fhoréigin armtha.

Faoin gcoincheap atá beartaithe don tionscadal seo, glacfaidh DPS/OAS, trí PACAM, ról na gníomhaireachta comhordaithe agus forfheidhmithe air féin trí chur chuige comhoibríoch le gníomhaireachtaí eile sa réimse seo, agus leis na húdaráis náisiúnta. Agus leas á bhaint as fóraim pholaitiúla agus as bealaí cumarsáide OAS, sainaitheoidh DPS/OAS tíortha sa réigiún a dteastaíonn tacaíocht uathu agus oibreoidh sé leo sna comhaontuithe sonracha is gá chun an cúnaimh a chomhdhlúthú. Glacfaidh an tionscadal tacaíocht shonrach shaincheaptha do gach tír, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh na riachtanais chéanna agus na bearnaí céanna acu. Ní thabharfar tacaíocht dóibh go léir i gcomhpháirteanna uile an tionscadail. Ina ionad sin, leanfaidh DPS/OAS den chur chuige rathúil a bhí ag PACAM roimhe seo a úsáid: riachtanais gach tíre a mhapáil agus a shainaitheint, plé leis na húdaráis agus plean cúnaimh a chruthú, chomh maith leis na misin a imscaradh. Ina theannta sin, i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ó oiriúnú ghníomhaíochtaí an tionscadail le linn na paindéime, déanfaidh DPS/OAS iarracht acmhainní a bharrfheabhsú tríd an timpeallacht fhíoriúil agus uirlisí teicneolaíochta a úsáid, nuair is féidir.

Chomh maith leis sin, i bhfianaise na dtionchar éagsúil a bhíonn ag an bhforéigean armtha ar mhná, ar fhir, ar chailíní agus ar bhuachaillí, agus ar phobail leochaileacha, leanfaidh Céim II de dhearcadh inscne agus chearta an duine a bheith aici. Áirítear leis sin cuimsiú na mban ar gach leibhéal de chur chun feidhme an tionscadail, agus spreagadh chun go mbeidh mná níos rannpháirtí i ngníomhaíochtaí an tionscadail, agus iad ag baint tairbhe as na hidirghabhálacha. Sa bhreis air sin, díreofar aird ar leith le gníomhaíochtaí coiscthe foréigin ar an ngá slándála agus sábháilteachta atá ag mná agus ag cailíní ina pobail féin, agus ar a rannpháirtíocht i réitigh ar na dúshláin sin a aimsiú, chomh maith le comhpháirteanna a chuimsiú lena ndírítear go heisiach ar aghaidh a thabhairt ar fhoréigean inscnebhunaithe.

## 3. Sprioc Fhoriomlán

Cumas Bhallstáit OAS aghaidh a thabhairt ar fhoréigean armtha sa réigiún a neartú trí thacú le bearta chun leathadh agus gáinneáil aindleathach arm tine agus armlón a chomhrac, agus teagmháil le haimh thine a chosc i measc na bpobal is mó a bhíonn thíos leis an bhforéigean.

#### 4. Cur Síos ar Straitéisí Idirghabhála na dTionscadal

##### **Cuspóir 1: An Creat Náisiúnta Rialála Arm Tine a neartú, agus an cleachtas normatach agus dea-chleachtas idirnáisiúnta á gcur san áireamh**

###### **Gníomhaíochtaí**

- Tíortha a shaináithint a mbeidh cúnaimh le tabhairt dóibh mar ábhar tosaíochta le hathbhreithniú reachtach, ar bhonn measúnú ar riachtanais agus na tíortha a bhfuil gnéithe oibríochtúla den tionscadal dírithe orthu a thabhairt dá aire;
- Cúnaimh teicniúil do thíortha chun athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht agus ar an gcreat normatach agus caighdeán idirnáisiúnta á gcur san áireamh, agus ar chomhchuibhiú inmheánach sainorduithe, chomh maith le gné inscnebhunaithe a chomhtháthú;
- Caighdeán réigiúnacha maidir le Slándáil Fhísiciúil agus Bainistíú Stoc-charn a fhorbairt, agus maidir le SALW agus Armlón a scriosadh;
- Moltaí réigiúnacha a fhorbairt chun foréigean inscnebhunaithe a bhaineann le mí-úsáid arm tine a chosc;
- Bunachar sonraí leictreonach a fhorbairt chun rochtain ar chaighdeán arm tine agus treoirlínte ábhartha eile a éascú (e. g. CIFTA, reachtaíocht shamplach, MOSAIC, agus IATG) chun rochtain ar chaighdeán agus úsáid na gcaighdeán a éascú do na limistéir éagsúla maidir le rialú arm tine trí inneall cuardaigh a bheith ann agus trí na caighdeán a aicmiú le líbeanna a chuirfeadh ar chumas na n-úsáideoirí na rialacha gaolmhara uile a aimsiú go tapa maidir le limistéar leasa.

###### **Aschuir**

- Cúnaimh reachtach, a chuirfeadh ar fáil chun feabhas a chur ar an gcreat normatach náisiúnta maidir le hairm thine, agus caighdeán idirnáisiúnta agus gné inscnebhunaithe á gcur san áireamh, do sé thír ar a laghad sa réigiún;
- Caighdeán Réigiúnacha maidir le Slándáil Fhísiciúil agus Bainistíú Stoic-charn (PSSM) a fhorbairt agus a scaipeadh ar gach Ballstát OAS;
- Caighdeán Réigiúnacha maidir le SALW agus Armlón a Scriosadh a fhorbairt agus a scaipeadh ar gach Ballstát OAS;
- Moltaí réigiúnacha chun foréigean inscnebhunaithe a chosc a bhaineann le mí-úsáid arm tine a fhorbairt agus a scaipeadh ar gach Ballstát OAS;
- Bunachar sonraí leictreonach de chaighdeán agus de threoirlínte SALW a chruthú agus a chur ar fáil do thíortha.

##### **Cuspóir 2: Acmhainn oibríochtúil na n-údarás náisiúnta a fheabhsú chun airm thine a mharcáil, a rianú, a stóráil agus a scriosadh**

###### **Gníomhaíochtaí**

- Oiliúint speisialaithe a fhorbairt agus a sholáthar do phearsanra náisiúnta maidir le PSSM, marcáil agus coimeád taifead, agus SALW agus armlón a scriosadh. Beidh ceardlanna oiliúna réigiúnacha ann, ina mbeidh an pearsanra in ann dea-chleachtas a chomhroinnt agus comhoibriú a fheabhsú, agus cúrsaí náisiúnta a dhíríonn ar riachtanais shonracha gach tíre;
- Ardoiliúint maidir le hordanáis phléascaigh a dhiúscairt do theicneoirí ó thíortha atá i gcomhpháirtíocht le hAireacht Cosanta na Spáinne;
- Cúnaimh teicniúil agus acmhainní teicniúla chun pleananna náisiúnta a chur chun feidhme maidir le hairm a scriosadh, agus maidir le harmlón atá imithe i léig, a urghabhadh nó ar armlón breise é;
- Cúnaimh teicniúil agus tacaíocht chun airm thine a mharcáil, agus taifid a choimeád orthu, lena n-áirítear an trealamh is gá a sholáthar;
- Pleananna inbhuanaitheachta a ullmhú le tíortha a fhaigheann tacaíocht tríd an tionscadal.

###### **Aschuir**

- Rinneadh próisis scríosta i dtaca le hairm tine agus armlón i 10 dtír ar a laghad, agus trína bhíthin sin scriosadh 150 tonna ar a laghad d'armlón agus 35 000 SALW a urghabhadh, a bhí imithe i léig, a bhí neamhshábháilte, agus/nó a bhí ina armlón breise;

- Cuireadh oiliúint ar 200 duine ar a laghad de phearsanra náisiúnta maidir le SALW agus armlón a scríosadh;
- Tugadh cúnamh teicniúil maidir le marcáil agus coimeád taifead arm tine do 12 thír ar a laghad;
- Cuireadh oiliúint ar 150 duine ar a laghad de phearsanra náisiúnta maidir le marcáil, agus coimeád taifead;
- Rinneadh an Córais Náisiúnta um Chlárú Arm Tine de chuid 3 thír ar a laghad a uasghrádú;
- Cuireadh feabhas ar shlándáil na stoc-charn institiúideach i 10 dtír ar a laghad;
- Réachtáladh dhá Sheimineár Réigiúnach maidir le Dea-Chleachtais na Slándála Fisiciúla agus an Bhainistithe Stoc-charn, agus deimhníodh 80 oifigeach ar a laghad ó 15 thír ar a laghad;
- Deimhníodh 45 dhuine ar a laghad de pearsanra ó 10 dtír mar theicneoirí diúscartha ordanáis phléascaigh chuig EOD leibhéal 3;
- Cruthaíodh agus cuireadh ar fáil uirlisí agus treoirilínthe chun Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a ullmhú do na tíortha a fhaigheann cúnamh ón tionscadal;
- Dhréachtaigh agus bhailíochtaigh na húdaráis náisiúnta in 20 % ar a laghad de na tíortha a fhaigheann cúnamh Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta.

### **Cuspóir 3: Rialú arm beag a optamú trí úsáid a bhaint as uirlisí teicneolaíochta faisnéise**

#### **Gníomhaíochtaí**

- An Córas Leictreonach le haghaidh Sásra Réigiúnach Cumarsáide um Aistrithe Dleathacha Arm Tine agus Armlóin (MCTA) a chlársceidealú, ar sásra réigiúnach é chun fógra a thabhairt agus faisnéis a mhalartú maidir le haistriú dleathach arm tine agus ar forbraíodh a gcreat agus a gceanglais theicniúla le linn Chéim I. Tá sé ar aon dul leis an taithí dhearfach a fuair an tAontas Eorpach agus ligfidh sé do thíortha leochaileachtaí agus rioscaí atreoraithe maidir le tráchtáil dhlíthiúil idirnáisiúnta arm tine a shaináithint agus a tharchur go tapa. Ós rud é nach bhfuil córas náisiúnta ceadúnaithe leictreonach ag 50 % de na tíortha sa réigiún, féachfar an féidir an córas a chlársceidealú ar bhealach a chuirfidh ar chumas tíortha é a úsáid mar chóras náisiúnta dá gcuid féin;
- Córas Leictreonach MCTA a imscaradh mar chéim phiólótach, agus na húdaráis náisiúnta a chur faoi oiliúint, agus na ceartúcháin is gá a ionchorprú;
- An pobal fíorúil chun faisnéis a mhalartú, a forbraíodh le linn Chéim I, a uasghrádú chun bheith ina Ardán Leathsféarach um Eolas ar Airm Tine, ag a mbeidh feidhmiúlachtaí amhail (i) sonraí faoi chóras rialaithe arm tine agus stádas chur chun feidhme CIFTA a chur isteach agus a rianú go huathoibríoch; (ii) stór lárnach na n-údarás náisiúnta; (iii) painéal eolais chun stádas agus cuimsitheacht chóras rialaithe na n-arm tine a amharcléiriú;
- Bogearraí Rialaithe Fardail SALW agus Armlóin a nuashonrú agus a leathnú chuig tíortha sa réigiún a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as an réiteach TF sin a forbraíodh le linn Chéim I.

#### **Aschuir**

- Rinneadh An Córas Leictreonach le haghaidh Sásra Réigiúnach Cumarsáide maidir le hAistrithe Dleathacha Arm Tine agus Armlón (MCTA) a chlársceidealú agus a chur chun feidhme, mar chéim phiólótach, i 5 thír;
- Feabhsaíodh Bogearraí Rialaithe Fardail SALW agus Armlón, bunaithe ar aiseolas ó úsáideoirí, agus cuireadh chun feidhme iad i 4 thír eile ar a laghad;
- Forbraíodh an tArdán Leathsféarach um Eolas ar Airm Tine, agus cláraíodh pointí teagmhála le haghaidh 15 thír ar a laghad;
- Tionóladh cruinnithe de na pointí teagmhála náisiúnta dhá uair sa bhliain chun idirphlé agus comhar a spreagadh.

### **Cuspóir 4: Teachnt aniar an phobail i dtaca le foréigean gunnaí a neartú agus rochtain a laghdú ar airm thine aindleathacha agus/nó ar airm bhreise**

#### **Gníomhaíochtaí**

- Modheolaíocht chlár OASIS a leathnú chuig pobal eile ar a laghad a ndéanann foréigean gunnaí difear an-mhór dó. Féachann OASIS le hiompar atá freagrach go sóisialta a chur chun cinn i bpobail a ndéanann foréigean gunnaí difear an-mhór dóibh; áirítear leis measúnú tosaigh ar an bpobal, agus ar na meicníochtaí atá ar fáil chun foréigean a chosc agus chun cabhrú le híospartaigh. Cuireann an clár gníomhaíochtaí seach-churaclaim laethúla ar fáil do dhaoine óga atá i mbaol, agus oiliúint d'il-gheallsealbhóirí áitiúla sna pobail maidir le foréigean a chosc agus cúnamh d'íospartaigh;



- Lárionad tagartha pobalbhunaithe a chruthú chun cúnaimh a thabhairt d'íospartaigh, do theaghlaigh agus d'fhinnéithe foréigin agus coireanna arna ndéanamh le hairm thine chun timthriallta foréigin a bhriseadh;
- Clár oiliúna oideachais réigiúnach a fhorbairt chun foréigean inscnebhunaithe a chosc agus aghaidh a thabhairt air;
- Dhá fheachtas bailithe arm pobail ar a laghad a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear straitéisí oideachais chun an daonra a íogrú agus chun sealaíocht arm deonach a spreagadh. Leis na feachtais sin cuirfear chun suntais an nasc idir foréigean inscne agus mí-úsáid arm tine, mar is leis na hairm sin a dhéantar an chuid is mó de híospartaigh an fhoréigin inscne a imeaglú nó a mharú <sup>(7)</sup>;
- Tacaíocht a thabhairt d'údarás náisiúnta agus áitiúla maidir le bailiú, stóráil, iompar agus scríosadh SALW agus armlóin a bhailítear. Déanfar é sin i gcomhar le gníomhaíochtaí a dhéantar faoi Chuspóir 2 den tionscadal chun acmhainní a optamú.

### Aschuir

- Maidir le dhá phobal, ar a laghad, ag a mbíonn mórghabhanna foréigin, feabhsaíodh an cumas atá acu tacú le daoine óga atá i mbaol, cabhrú le híospartaigh agus le marthanóirí, agus cosc a chur ar an bhforéigean gunna;
- Feabhsaíodh saol-scileanna 160 mac léinn ar a laghad as dhá phobal ag a mbíonn mórghabhanna foréigin trí oiliúint agus gníomhaíochtaí taibhealaíon a eagrú tar éis na scoile;
- Cuireadh oiliúint maidir le foréigean inscnebhunaithe a chosc agus a bhriseadh, agus maidir le cúnaimh d'íospartaigh, ar 150 duine de lucht ceaptha beartais, oifigigh rialtais, soláthraithe seirbhísí, ceannairí pobail, múinteoirí, tuismitheoirí agus daoine ón tsochaí shibhialta ;
- Cruthaíodh agus cuireadh ag oibriú ionad tagartha amháin do mharthanóirí foréigin, do theaghlaigh agus d'fhinnéithe;
- Rinneadh ar a laghad dhá fheachtas chun airm a bhailiú sa phobal a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

### Cuspóir 5: Treochlár Arm Tine Mheiriceá Láir a fhorbairt chun uirlis phraiticiúil bhainistíochta a thabhairt do na tíortha sin trí chur chuige réigiúnach comhordaithe fianaise-bhunaithe

#### Gníomhaíochtaí

- Modheolaíocht a ullmhú chun Treochlár Mheiriceá Láir a fhorbairt, i gcomhairle le saineolaithe sa réimse agus le bailíochtú na dtíortha;
- Measúnú ar riachtanais a fhorbairt, i gcomhairle le rialtais Mheiriceá Láir;
- Dréacht-treochlár arm tine a fhorbairt do Mheiriceá Láir, agus an measúnú ar riachtanais, na creataí dlíthiúla idirnáisiúnta agus dea-chleachtais á gcur san áireamh;
- An dréacht-treochlár a bhailíochtú trí bhabhta comhairliúcháin le tíortha agus le geallsealbhóirí; agus
- Cumarsáid sheachtrach agus for-rochtain chun comhpháirtithe a shlógadh chun tacú le cur chun feidhme Threochlár Arm Tine Mheiriceá Láir.

### Aschuir

- Modheolaíocht chun treochlár a fhorbairt arna hullmhú agus arna bailíochtú le geallsealbhóirí;
- Measúnú ar riachtanais arna fhorbairt chun príomhbhagairtí, na bearnaí, na leochaileachtaí agus na tosaíochtaí atá ag tíortha Mheiriceá Láir a chinneadh;
- Dhá cheardlann a cuireadh chun feidhme chun ionchuir agus aiseolas a bhailiú maidir le dréacht-treochlár arm tine Mheiriceá Láir, le rannpháirtíocht na n-údarás náisiúnta agus eagraíochtaí a oibríonn sa réimse sin;
- Treochlár Mheiriceá Láir arna fhorbairt agus arna chur faoi bhráid tíortha an réigiúin;
- Feachtas cumarsáide arna fhorbairt chun Treochlár Arm Tine Mheiriceá Láir a scaipeadh, formheas polaitiúil a fháil, agus tacaíocht a fháil ó chomhpháirtithe chun é a chur chun feidhme.

<sup>(7)</sup> <https://unoda-web.s3.amazonaws.com/wp-content/uploads/2019/07/MOSAIC-06.10-2017EV1.0.pdf>

## 5. Ré

Is é 36 mhí a bheidh i ré mheasta iomlán Chéim II, an chéim chuimsitheach réigiúnach.

## 6. Eintiteas cur chun feidhme teicniúil

Cuireadh cur chun feidhme teicniúil an chláir seo de chúram ar Roinn Slándála Poiblí Ardrúnaíocht Eagraíocht na Stát Meiriceánach (DPS/OAS). Tá seasamh buntáisteach ag DPS/OAS chun tacú le tíortha Mheiriceá i bhfianaise a ról dhéach mar chomhrúnaí teicniúil CIFTA, agus mar chomhlacht teicniúil agus oibríochtúil OAS maidir leis an ábhar seo. Sa ról sin, tá tionscadail agus cláir curtha chun feidhme ag OAS-DPS chun tacú le Ballstáit OAS i gcomhlíonadh a n-oibleagáidí chun slándáil stoc-chairn arm tine náisiúnta a áirithiú, chun bearta reachtacha a chur chun feidhme d'fhonn monarú agus gáinneáil aindleathach ar airm thine a bhunú mar chionta coiriúla faoin dlí náisiúnta, chun marcáil ar airm thine a éileamh, agus chun faisnéis a mhalartú le sínitheoirí eile CIFTA maidir le rianú faisnéise agus patrúin gáinneála aindleathaí. Níl an tionchar polaitiúil, an saineolas teicniúil ná an clúdach geografach ag aon eagraíocht réigiúnach ná foréigiúnach eile a chumhdaíonn Meiriceá ar fad chun bheith in ann tacú agus cabhrú le gach stát Meiriceánach.

Le linn Chéim II, leanfaidh DPS/OAS de bheith ag comhordú agus ag comhoibriú le hinstiúidí agus le heagraíochtaí eile le linn chur i bhfeidhm an tionscadail. D'oibrigh DPS/OAS le cuid acu le linn Chéim I agus tá siad ag súil le leanúint de bheith ag comhoibriú leo ar shaincheisteanna sonracha chun an tionscnamh a chur chun cinn sa réigiún, lena n-áirítear Lárionad Réigiúnach na Náisiún Aontaithe um an tsíocháin, um an dí-armáil agus um an bhforbairt i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib (UN-LiREC), Gníomhaireacht Cur Chun Feidhme um Choireacht agus Slándáil Chomhphobal Mhuir Chairib, an Bord Cosanta Idir-Mheiriceánach, Foireann Chomhairleach um Bainistíocht Armlón Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil (AMAT- GICHD), Golden West Humanitarian Foundation, INTERPOL, Roinn Stáit SAM, agus Lárionad Oiliúna um Dhímhianú Daonnúil Roinn Cosanta SAM. Díríonn DPS ar dhlúthchaidreamh a bhunú leis na heintitis eile go léir atá ag obair sa réimse freisin chun tairbhí na gníomhaíochta a uasmhéadú trí úsáid a bhaint as saineolas comhlántach na n-eagraíochtaí. Go háirithe, le linn Chéim II, beidh sé d'aidhm ag DPS/OAS an comhar a neartú leis na heagraíochtaí foréigiúnacha, amhail CARICOM-IMPACS agus SICA (Córas Lánpháirtithe Mheiriceá Láir) chun tacú le cur chun feidhme Threochlár Arm Tine Mhuir Chairib, agus forbairt Threochlár Arm Tine Mheiriceá Láir a chomhordú.

## 7. Ábharthacht

### A. 'Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint': Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionarm agus armáin éadroma aindleathacha, agus a n-armlón, a ghlac an Chomhairle an 19 Samhain 2018

Tá cuspóirí, gníomhaíochtaí, agus torthaí ionchais an tionscadail seo ag teacht le spriocanna agus le cur chuige Straitéis an Aontais 'Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint'. I ndáil leis sin, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh Céim I den tionscnamh seo a chistiú chun iltaobhachas agus sineirgí a chothú idir an tAontas Eorpach agus OAS chun foréigean armtha agus gníomhaíocht choiriúil a laghdú, agus gur cuireadh san áireamh ann na tosaíochtaí a bunaíodh sa straitéis. Le Céim II, chun leanúint de na hiarrachtaí sin, coinnítear an pharaidím agus an cur chuige sin, agus comhlánaíonn sí obair dhomhanda an Aontais Eorpaigh sa réimse seo trí dhírú ar réigiún dá ndéanann leathadh, carnadh iomarcach agus gáinneáil ar mhionairm agus armáin éadrom (SALW) difear tromchúiseach.

Go sonrath, léiríonn Céim II na tosaíochtaí seo a leanas den Straitéis:

- 2.1. An creat normatach a neartú: Féachtar le gníomhaíochtaí Chuspóir 1 den Ghníomhaíocht a áirithiú go ndéanfaidh tíortha a reachtaíocht a chomhchuíbhiú leis na caighdeáin idirnáisiúnta, agus go mbeidh uirlisí acu chun na coinbhinsiúin a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr;
- 2.2.2 Rialuithe maidir le hairm thine agus a n-armlón a onnmhairiú: Leis an bhforbairt atá á déanamh ar uirlis leictreonach an MCTA, i gcomhthéacs Chuspóir 3, táthar ag tabhairt aghaidh ar an tábhacht a ghabhann leis an trádáil dhlíthiúil a rialú chun aon atreorú go dtí an margadh aindleathach a sheachaint;
- 2.2.3 Bainistiú slán SALW agus stoc-charn armlóin a áirithiú: Tá sraith gníomhaíochtaí mar chuid de Chuspóir 2 a dhíríonn ar shlándáil fhisiciúil agus bainistíocht stoc-charn armán (PSSM), lena n-áirítear oiliúint oifigeach, agus cúnamh teicniúil agus ábhartha chun cleachtais agus saoráidí a fheabhsú, ag cloí le caighdeáin idirnáisiúnta na Coimre ar na Modúil maidir le Rialú Mionarm (MOSAICS) agus na dTreoirínte Teicniúla Idirnáisiúnta maidir le Muinisin (IATGanna);
- 2.2.4 Díúscairt fhreagrach SALW agus a n-armlón: Áirítear le Cuspóir 2 oiliúint, cúnamh ábhartha, maoirseacht, agus deimhniú ar phróisis scriosta arm tine agus armlóin do thíortha a éilíonn amhlaidh;

2.2.5 Saincheisteanna trasghearrtha: Áirítear le Cuspóir 3 sraith réitigh agus uirlisí TF chun comhar agus comhroinnt faisnéise a chothú ar fud thíortha an réigiúin.

Chun tionchar na gníomhaíochtaí sin a uasmhéadú, tacóidh DPS/OAS le gníomhaíochtaí comhlántacha lena n-áirítear an t-éileamh ar airm thine a laghdú trí ghníomhaíochtaí coisctheacha a chur chun feidhme, agus trí chláir bhailithe a chur chun feidhme, agus trí Threochlár Mheiriceá Láir a fhorbairt, mar uirlis nithiúil chun iarrachtaí sa réigiún sin a chomhordú agus a fheabhsú.

**B. Cinneadh 2011/428/CBES ón gComhairle an 18 Iúil 2011 chun tacú le gníomhaíochtaí Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála chun Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun gach gné den trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma a chosc, a chomhrac agus a dhíothú <sup>(6)</sup>**

Leis an gCinneadh ón gComhairle, cuirtear trí phríomhchuspóir chun cinn: (1) cur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun an trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma a chosc, a chomhrac agus a dhíothú ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal réigiúnach araon, (2) tacaíocht do chur chun feidhme na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe (ITI), agus (3) tacaíocht d'fhorbairt agus cur chun feidhme threoirlínte teicniúla na Náisiún Aontaithe maidir le bainistiú stoc-chairn armlóin.

Tá gach ceann de na cuspóirí sin ag teacht le haidhmeanna foriomlána fhorálacha sonracha an Coinbhinsiún Idir-Mheiriceánaigh i gcoinne déantúsaíocht neamhdhleathach agus gáinneáil arm tine, armlón, pléascán, agus ábhar gaolmhar (CIFTA) agus a chúrsaí gníomhaíochta. Le CIFTA bunaítear roinnt moltaí éigeantacha do Stáit is Páirtithe, lena n-áirítear dlínse ar chionta coiriúla a bhunú; marcáil éigeantach arm tine; taifid a chothabháil le haghaidh rianú; rialuithe maidir le haistriú a fheabhsú; agus comhar trasnáisiúnta. Treisíonn Cúrsa Gníomhaíochta CIFTA 2018-2022 aidhmeanna Stáit is Páirtithe CIFTA sna réimsí seo i gcomhréir le Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe agus leis an bPrótocal in aghaidh monarú aindleathach agus gáinneáil ar airm thine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-armlón lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne coireacht eagraithe trasnáisiúnta.

Leanann an DPS/OAS de chláir oibríochtúla a chur chun feidhme chun tacú le tíortha a n-acmhainneachtaí a fhorbairt chun a n-oibleagáidí faoi CIFTA a chomhlíonadh. Dearadh Céim II chun leanúint den chúnamh sin i bhfianaise na dtosaíochtaí a bhunaigh Stát is Páirtithe CIFTA i gCúrsaí Gníomhaíochta 2018-2022, go háirithe na tosaíochtaí seo a leanas: 1. Marcáil agus rianú arm tine; 2. Allmhairiú agus onnmhairiú; 3. Bearta reachtacha; agus 4. Bainistiú agus scríosadh stoc-charn.

## 8. Tuairisciú

Ullmhóidh an DPS/OAS tuarascálacha tráthrialta, i gcomhréir leis an gComhaontú Tarmhigin a caibidlíodh.

## 9. Costas iomlán

**Thart ar EUR 4.2 milliún** is ea an cistiú iomlán measta atá á lorg ón Aontas chun Céim II a chur chun feidhme. Cuirfidh Ard-Rúnaíocht OAS ranníocaíochtaí comhchineáil ar fáil chun an clár a chur i bhfeidhm agus lorgóidh sí tacaíocht chomhchineáil eile (amhail an tacaíocht a chuir Rialtas na Spáinne ar fáil i gCéim I).

---

<sup>(6)</sup> IO L 188, 19.7.2011, lch. 37.

**CINNEADH (CBES) 2022/848 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 30 Bealtaine 2022**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1464 ón gComhairle maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 12 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1464 <sup>(1)</sup>.
- (2) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2020/1464 do thréimhse cur chun feidhme 24 mhí le haghaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de.
- (3) An 9 Feabhra 2022, d'iarr an *Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle* (BAFA), ina cháil mar an Gníomhaireacht Cur Chun Feidhme, údarú ón Aontas chun thréimhse cur chun feidhme Chinneadh CBES 2018/1464 a shíneadh go 36 mhí, go dtí an 30 Samhain 2023, mar gheall ar dhúshláin a eascraíonn as an bpaindéim COVID-19 leanúnach.
- (4) Iarrann BAFA freisin go dtionólfáí comhdháil bhreise do thíortha comhpháirtíochta a bhfuil ardchórais rialaithe onnmhairiúcháin acu, chomh maith le himeacht breise measúnaithe mheántearma.
- (5) Is féidir leanúint leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2020/1464, lena n-áirítear an dá ghníomhaíocht bhreise a cuireadh isteach leis an gCinneadh seo ón gComhairle, gan aon impleacht ó thaobh acmhainní airgeadais de go dtí an 30 Samhain 2023.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2020/1464, agus foranna 5.2.5, 5.2.6 agus roinn 10 d'Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear, leis seo, Cinneadh (CBES) 2020/1464 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*“Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha agus rachaidh sé in éag an 30 Samhain 2023.”;

- (2) Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i foroinn 5.2.5:

“5.2.5 Comhdhálacha le haghaidh tíortha comhpháirtíochta a bhfuil ardchórais rialaithe onnmhairiúcháin acu

Is i bhfoirm dhá chomhdháil a reáchtálfar sa Bhruiséil a bheidh an tionscadal agus mairfidh gach comhdháil suas le 2 lá. Cuirfear fóram ar fáil ag gach comhdháil do phlé ardleibhéil idir saineolaithe an Aontais agus ionadaithe sinsearacha (i réimsí a bhaineann le beartas, ceadúnú agus forfheidhmiú) na dtíortha is tairbhíthe a bhfuil ardchórais rialaithe onnmhairiúcháin acu.

<sup>(1)</sup> Cinneadh (CBES) 2020/1464 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 335, 13.10.2020, lch. 3).

Tabharfar deis, ag gach comhdháil, do na tíortha rannpháirteacha is tairbhíthe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) faisnéis a fháil faoi na forbairtí is nuaí a bhaineann leis an trádáil arm (e.g. bealaí soláthair reatha, tionchar na nuatheicneolaíochtaí, saincheistanna a bhaineann leis an mbeartas slándála amhail bagairtí hibrideacha); agus
- (b) plé a dhéanamh agus tuairimí a mhalartú maidir leis an gcaoi ar féidir athruithe agus feabhsuithe a rinneadh le déanaí ar rialuithe trádála arm a chur chun feidhme mar chuid dá gcóras náisiúnta rialaithe onnmhairiúcháin féin.”;

- (b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i foroinn 5.2.6:

“5.2.6 Imeachtaí measúnaithe

Chun meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí faoin gCinneadh seo, eagrófar trí imeacht measúnaithe (dhá imeacht meántearma agus aon imeacht amháin críochnaitheach) sa Bhruiséil, go hidéalach i gcomhthráth le cruinniú rialta de chuid COARM.

Beidh an dá imeacht measúnaithe meántearma i bhfoirm ceardlainne ina mbeidh na Ballstáit rannpháirteach. D’fhéadfadh na ceardlanna maireachtáil suas le haon lá amháin.

Imeacht sa Bhruiséil, ina mbeidh tíortha is tairbhíthe agus Ballstáit an Aontais rannpháirteach, a bheidh san imeacht measúnaithe deiridh. Tabharfar cuireadh do suas le beirt ionadaithe (oifigigh iomchuí rialtais) ó gach tír is tairbhí chuig an imeacht measúnaithe deiridh.”;

- (c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i roinn 10:

“10. Fad

Tiocfaidh deireadh leis an tionscadal an 30 Samhain 2023.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

C. COLONNA

**CINNEADH (CBES) 2022/849 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 30 Bealtaine 2022**

**lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES <sup>(1)</sup>.
- (2) An 27 Bealtaine 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/855 <sup>(2)</sup>, lena gcuirtear síneadh leis na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh 2013/255/CBES go dtí an 1 Meitheamh 2022.
- (3) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2013/255/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 1 Meitheamh 2023.
- (4) Ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le 18 duine nádúrtha agus le 13 eintiteas atá ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú.
- (5) Ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le beirt atá éagtha a scriosadh ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES.
- (6) Ba cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin a scriosadh ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES tar éis breithiúnas a bheith faighte ón gCúirt Ghinearálta an 16 Márta 2022.
- (7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria’;

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

*‘Airteagal 34*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 1 Meitheamh 2023. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Féadfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.’;

- (3) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L 147, 1.6.2013, lch. 14).

<sup>(2)</sup> Cinneadh (CBES) 2021/855 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2021 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L 188, 28.5.2021, lch. 90).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

C. COLONNA

---

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(1) i Roinn A (Daoine), scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

40. Muhammad Bukhaytan;

262. Salam Tohme;

293. Abdelkader Sabra;

(2) i Roinn A (Daoine), cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	Ali MAMLUK (ar a dtugtar freisin Ali Mamlouk; Ali Al-Mamlouk; Abu Ayham ) (علي المملوك; أبو أيهم; علي مملوك)	Dáta Breithe: 19.2.1946; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Pas taidhleoireachta Uimh. 983; Inscne: fireann	Leas-uachtarán den Syrian Arab Republic for Security Affairs. Iar-Stiúrthóir an National Security Bureau. Iar-Cheann an Syrian General Intelligence Directorate bainteach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí.	9.5.2011
4.	Atif NAJIB (ar a dtugtar freisin Atef; Atej Najeeb) (عاطف نجيب)	Áit bhreithe: Jablah, Syria; Grád: Briogáidire-Ghinearál; Inscne: fireann	Iar-Cheann an Political Security Directorate in Dara'a. Bainteach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí. Ball de theaghlach Assad: col ceathrar leis an Uachtarán Bashar al-Assad.	9.5.2011
28.	Khalid (ar a dtugtar freisin Khaled) QADDUR (ar a dtugtar freisin Qadour, Qaddour, Kaddour) (خالد قدور)	Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna aige agus/nó gníomhaíochtaí aige in earnáil na teileachumarsáide agus i dtionscail na hola, an phlaistigh agus an tobac agus a bhfuil dlúthchaidreamh gnó aige le Maher al-Assad. Tá sé nasctha le gníomhaíochtaí smuigleála.  Baineann sé tairbhe as réimeas na Siria agus tugann sé tacaíocht dó trína chuid gníomhaíochtaí gnó.  Comhlach Maher al-Assad, lena n-áirítear trína chuid gníomhaíochtaí gnó.	27.1.2015
33.	Ayman JABIR (ar a dtugtar freisin Aiman Jaber) (أيمن جابر)	Áit bhreithe: Latakia, Syria; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, agus a bhfuil baint aige leis na hearnálacha cruach, meán, earraí inchaite agus ola, lena n-áirítear trádáil na n-earraí sin. Tá leas airgeadais aige agus/nó tá poist feidhmiúcháin shinsearacha aige i roinnt cuideachtaí agus eintiteassa tSiria, go háirithe Al Jazira (ar a dtugtar freisin Al Jazerra; El Jazireh), Dunia TV, agus Sama Satellite Channel.	27.1.2015



	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Trína chuideachta Al Jazira, d'éascaigh Ayman Jabir ola a allmhairiú ó Overseas Petroleum Trading chuig an tSiria.</p> <p>Baineann Ayman Jabir tairbhe as réimeas na Siria agus tugann sé tacaíocht dó trína chuid gníomhaíochtaí gnó.</p> <p>Cuireann sé tacaíocht ar fáil go díreach do ghníomhaíochtaí mílístí atá cleamhnaithe le réimeas ar a dtugtar Shabiha agus/nó Suqur as-Sahraa, agus tá príomhról aige sna gníomhaíochtaí sin. Is uachtarán oinigh é ar 'Wafa lil-Watan' (dílseacht don tír dhúchais), cumann a thugann cúnaimh do theaghlaigh saighdiúirí agus mílístí ón tSiria.</p> <p>Comhlach Rami Makhoulf trína ghníomhaíochtaí gnó agus comhlach Maher al-Assad trína ról i mílístí atá cleamhnaithe leis an réimeas.</p>	
48.	Samir HASSAN (سمير حسن)	Inscne: fireann	<p>Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria ag a bhfuil leasanna agus/nó gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Tá leasanna aige agus/nó tá tionchar suntasach aige in Amir Group agus in Cham Holding, dhá ilchuideachta a bhfuil leasanna acu in earnálacha na réadmhaoine, na turasóireachta, an iompair agus an airgeadais. Uachtarán ar an Syria-Russian Business Council agus tá ról suntasach aige sa chaidreamh eacnamaíoch le Russian Federation tríd an Syria-Russian Business Council.</p> <p>Tacaíonn Samir Hassan le hiarrachtaí cogaidh réimeas na Siria trí thabhartais airgid.</p> <p>Tá baint ag Samir Hassan le daoine a bhaineann tairbhe as an réimeas nó a thacaíonn leis. Go háirithe, tá baint aige le Rami Makhoulf agus Issam Anboubá, atá ainmnithe ag an gComhairle agus a bhaineann tairbhe as réimeas na Siria.</p>	27.9.2014
114.	Emad Abdul-Ghani SABOUNI (ar a dtugtar freisin Imad Abdul Ghani Al Sabuni) (عماد عبدالغني صابوني)	Dáta Breithe: 1964; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	<p>Iar-Aire Teileachumarsáide agus Teicneolaíochta, a bhí in oifig go dtí mí Aibreáin 2014 ar a laghad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach. Iar-Cheann an Planning and International Cooperation Agency (PICC). Is gníomhaireacht rialtais é PICC atá cleamhnaithe leis an bPríomh-Aireacht agus táirgeann sé, go háirithe, na pleananna 5 bliana a sholáthraíonn na mór-threoirínte do bheartais eacnamaíocha agus forbartha an Rialtais.</p>	27.2.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
139.	Major General Hussam LUQA (ar a dtugtar freisin Husam, Housam, Houssam; Louqa, Louca, Louka, Luka) (حسام لوقا)	Dáta Breithe: 1964; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	Iar-Cheann ar an Security Committee of the Southern Region ó 2018 go dtí 2020. Iar-Cheann an General Security Directorate. Maor-Ghinearál. Ó mhí Aibreáin 2012 go dtí an 2 Nollaig 2018, bhí sé ina cheann ar chraobh Homs den Political Security Directorate (tháinig i gcomharbacht ar Brigadier General Nasr al-Ali). Ón 3 Nollaig 2018, ceann an Political Security Directorate. Stiúrthóir ar an General Intelligence Department ó bhí 2019 ann. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
203.	George HASWANI (ar a dtugtar freisin Heswani; Hasawani; Al Hasawani)	Seoladh: Damascus Province, Yabroud, Al Jalaa St, Syria; Faisnéis eile: Tá Hesco Engineering and Construction Company Ltd ag an seoladh céanna i Londain agus an gnóthas Briotanach, Saverio Ltd.; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna aige agus/nó gníomhaíochtaí aige in earnálacha na hinnealtóireachta, na tógála agus na hola agus an gháis. Tá leasanna aige i roinnt cuideachtaí agus eintiteas sa tSiria agus/nó tá tionchar suntasach aige orthu, go háirithe HESCO Engineering and Construction Company, cuideachta mhór innealtóireachta agus tógála.	7.3.2015
204.	Emad HAMSHO (ar a dtugtar freisin Imad Hmisho; Hamchu; Hamcho; Hamisho; Hmeisho; Hemasho, حميشو) (حمشو عماد)	Seoladh: Hamsho Building 31 Baghdad Street, Damascus, Syria; Inscne: fireann	Tá post bainistíochta sinsearaí aige in Hamsho Trading. I ngeall ar an bpost sinsearach atá aige in Hamsho Trading, fochuideachta de Hamsho International, atá ainmnithe ag an gComhairle, tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria. Tá Hamsho Trading bainteach mar sin le heintiteas ainmnithe, Hamsho International.  Tá sé ina leas-uachtarán freisin ar an Syrian Council of Iron and Steel in éineacht le fir ghnó ainmnithe de chuid an réimis amháil Ayman Jabir. I measc shócmhainní Hamsho tá Syrian Metal Industries, gléasra cruach lasmuigh de Damascus, ar sholáthair Hamsho drámh-mhiotal a ghoid mílístí pró-rialtais thar thréimhse an chogaidh. Is comhlach Uachtarán Bashar al-Assad é freisin.	7.3.2015

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
245.	Muhammad Yousef HASOURI (ar a dtugtar freisin Mohammad Yousef Hasouri; Mohammed Yousef Hasouri) (محمد يوسف حاصوري)	Grád: Briogáidire-Ghinearál; Inscne: fireann	Tá an Briogáidire-Ghinearál Muhammad Hasouri ina oifigeach sinsearach sa Syrian Air Force, ó mhí na Bealtaine 2011 i leith. Bhí sé ina Cheann Foirne ar Air Force Brigade 50 agus ina Leas-Cheannasaí ar Shayrat Airbase. Oibríonn an Briogáidire-Ghinearál Muhammad Hasouri in earnáil leata arm ceimiceach agus bhí baint aige leis an sléacht ceimiceach in 'Khan Sheikhoun' an 4 Aibreán 2017. Inacháil mar oifigeach sinsearach míleata, tá sé freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois go foréigneach.	18.7.2017
247.	Jayyiz Rayyan AL-MUSA (ar a dtugtar freisin Jaey Sawada al-Hammoud al-Mousa; Jayez al-Hammoud al-Moussa) (جاييز ريان الموسى)	Dáta Breithe: 1954; Áit bhreithe: Hama, Syria; Grád: Maor-Ghinearál; Inscne: fireann	IarGhobharnóir ar Hasaka, Uachtarán Bashar al-Assad a cheap; baint aige leis an Uachtarán Bashar al-Assad.  Ina Mhaor-Ghinearál, oifigeach sinsearach agus iarLeas-Cheannasaí an Syrian Air Force.  Ina cháil mar oifigeach sinsearach sa Syrian Air Force, is é atá freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois le foréigean, lena n-áirítear airm cheimiceacha a bheith á n-úsáid ag réimeas na Siria le linn dó a bheith ina Cheann Foirne ar an Syrian Air Force, mar a thuairisc an Comhshásra Imscrúdaitheach a bhunaigh na Náisiúin Aontaithe.	18.7.2017
271.	Khaled AL-ZUBAIDI (ar a dtugtar freisin (Mohammed) Khaled/Khalid (Bassam) (al-) Zubaidi/Zubedi) (خالد الزبيدي)	Náisiúntacht: Siriach; Post: Comhúinéir ar Zubaidi and Qalei LLC; Stiúrthóir ar Agar Investment Company; Bainisteoir Ginearálta ar Al Zubaidi company agus Al Zubaidi & Al Tawee Contracting Company; Stiúrthóir agus Úinéir Zubaidi Development Company; Comhúinéir Enjaz Investment Company; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, le hinfheistíochtaí suntasacha sa tionscal tógála, lena n-áirítear 50 % in Zubaidi and Qalei LLC, atá ag tógáil na só-chathrach turasoireachta Grand Town agus ar dheonaigh an réimeas comhaontú 45 bliana dó ar 19-21 % dá ioncam. Tacaíonn Khaled al-Zubaidi le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as réimeas na Siria trína ghníomhaíochtaí gnó, go háirithe tríd an mbun seo san fhorbraíocht Grand Town.  Shínigh Khaled Zubaidi urraíocht (luach 350 000 USD) le club peile na Siria 'Wihda FC' trí cheann dá chuideachtaí 'Hijaz Company'. Ball de Federation of Syrian Chambers of Tourism ó 2019 i leith.	21.1.2019

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
283.	Mohammed Nazer JAMAL EDDIN (ar a dtugtar freisin Nazir Ahmad, Mohammed JamalEddine ; Jamal Aldiyn) (محمد نازر جمال الدين)	Dáta Breithe: 2.1.1962; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Náisiúntacht: Siriach; Pasuimhir: N 011612445, eagrán uimh. 00217-L022286 (áit eisiúna: Damascus, Syrian Arab Republic); Uimhir Aitheantais: 010-30208342 (áit eisiúna: Syrian Arab Republic); Post: Comhbhunaitheoir agus scairshealbhóir tromlaigh Apex Development and Projects LLC agus bunaitheoir A'ayan Company for Projects and Equipment; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus mórinfheistíochtaí aige sa tionscal tógála, lena n-áirítear bun urlámhais 90 % in Apex Development and Projects LLC, a ghlac páirt i gcomhfhiontar USD 34,8 milliún chun Marota City, sófhorbraíocht chónaithe agus tráchtála dar taca an réimeas, a thógáil. Tacaíonn Mohammed Nazer Jamal Eddin Mohammed Nazer le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína bheith rannpháirteach i bhforbraíocht Marota City. I mí na Bealtaine 2019, chruthaigh Jamal Eddin 'Trillium Private JSC', cuideachta ar fiú SYP 15 mhilliún é a bhfuil baint acu le trádáil ábhar tógála agus táirgí leictreacha .	21.1.2019
284.	Mazin AL-TARAZI (ar a dtugtar freisin <b>الترزي; مازن</b> ; Mazen al-Tarazi) (مازن التريزي)	Dáta Breithe: Meán Fómhair 1962; Náisiúntacht: Siriach; Post: Duine gnó; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus ag a bhfuil mórinfheistíochtaí sna hearnálacha tógála agus eitlíochta. Tacaíonn Mazin al-Tarazi le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína chuid infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí gnó. Go háirithe, tá margadh tugtha i gcrích ag Mazin al-Tarazi le Damascus Cham Holding le haghaidh infheistíocht USD 320 milliún i dtógáil Marota City, sófhorbraíocht chónaithe agus tráchtála dar taca an réimeas; deonaíodh ceadúnas dó freisin le haghaidh aerlíne phríobháideach sa tSiria. I Meán Fómhair 2019, chruthaigh sé 'al-Dana Group Investments LLC', cuideachta ar fiú SYP 25 mhilliún é agus atá bainteach le honnmhairiú-allmhairiú agus le hinfeistíocht in áiseanna turasoíreachta agus i gcoimpléisc tráchtála.	21.1.2019
285.	Samer FOZ (ar a dtugtar freisin Samir Foz /Fawz; Samer Zuhair Foz; Samer Foz bin Zuhair) (سامر فوز)	Dáta Breithe: 20 Bealtaine 1973; Áit bhreithe: Homs, Syria / Latakia, Syria; Náisiúntachtaí: Siriach, Turcach;	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria ag a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Soláthraíonn Samer Foz tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile do réimeas na Siria, lena n-áirítear Military Security Shield Forces sa tSiria a chistiú agus margáí gráin a shocrú. Ina theannta sin, baineann sé tairbhe airgeadais as rochtain ar dheiseanna tráchtála trí thrádáil na cruithneachta agus tionscadail atógála mar thoradh ar na naisc atá aige leis an réimeas.	21.1.2019

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Uimhir an phas Turcach: U 09471711 (áit eisiúna: an Tuirc; dáta éaga 21.7.2024);</p> <p>Uimhir náisiúnta na Siria: 06010274705</p> <p>Seoladh: Platinum Tower, office No 2405, Jumeirah Lake Towers, Dubai, UAE;</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>D'oscail Samer Foz monarcha scagtha siúcra ('Factory Samer Foz') in 2021 mar thaca le cuspóir réimeas na Siria an táirgeadh siúcra a mhéadú ar fud na tíre.</p>	
287.	<p>Hussam AL-QATIRJI</p> <p>(ar a dtugtar freisin Hussam/Hossam Ahmed/Mohammed/Muhammad al-Katerji)</p> <p>(حسام القطري)</p>	<p>Dáta Breithe: 1982;</p> <p>Áit bhreithe: Raqqa, Syria;</p> <p>Náisiúntacht: Siriach;</p> <p>Post: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Katerji Group (ar a dtugtar freisin Al Qatarji Company/Qatirji Company/ Khatirji Group/Katerji International Group);</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus teachta Pharlaimint na Siria. Tacaíonn Al Qatarji le réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as freisin trí mhargaí trádála maidir le hola agus cruithneacht leis an réimeas a chumasú agus brabús a dhéanamh astu.</p> <p>Fuair Hussam Al Qatarji, in éineacht lena theaghlach, ceadúnas chun banc nua a chruthú, an National Islamic Bank. Tá gléasra stroighne nua faighte acu freisin ón rialtas, trí cheann dá gcuideachtaí, Nabd Contracting and Construction. Leathnaigh siad san earnáil turasoireachta freisin agus an chuideachta Arman Hotel and Tourist Management LLC á cruthú acu. Chomh maith leis sin, chuaigh siad i mbun comhfhiontar leis an aireacht turasoireachta 'Bere Aleppo Private JSC'. Tá míliste in Aleppo á stiúradh ag Hussam Al Qatarji agus a theaghlach freisin. I nDeireadh Fómhair 2021, shínigh BSCcompany for Oil Services Qateri socrú leis an réimeas chun stáisiún gáis a sholáthar le breosla i limistéir atá i seilbh an réimis.</p>	21.1.2019
290.	<p>Waseem AL-KATTAN</p> <p>(وسيم القطان)</p> <p>(ar a dtugtar freisin Waseem, Wasseem, Wassim, Wasim; Anouar; al-Kattan, al-Katan, al-Qattan, al-Qatan; وسيم قطان, وسيم أنوار القطان)</p>	<p>Dáta Breithe: 4.3 1976;</p> <p>Náisiúntacht: Siriach;</p> <p>Post: Uachtarán Damascus Countryside (Rural) Province Chamber of Commerce;</p> <p>Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc:</p>	<p>Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, atá ag baint tairbhe as an réimeas agus atá ag tacú leis. Úinéir gnólachtaí éagsúla agus cuideachtaí sealbhaíochta a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí acu in earnálacha eacnamaíochta éagsúla amhail réadmhaoín, tionscal na n-óstán sóúla agus ionaid tráchtála. Rinne Waseem al-Kattan dul chun cinn tapa mar mhórphearsa ghnó trí chánacha a ghearradh ar earraí a smuigleáladh isteach in Oirthear Ghouta a bhí faoi léigear agus tá baint aige anois le cineálacha cliantachais atá chun sochair don réimeas. Baineann Waseem al-Kattan tairbhe airgeadais as rochtain fhabhrach ar thairiscintí poiblí agus ar cheadúnais agus ar chonarthaí arna ndámhachtain ag gníomhaireachtaí rialtais mar thoradh ar na dlúthnaisc atá aige leis an réimeas.</p>	17.2.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Larosa Furniture/Furnishing; Jasmine Fields Company Ltd.; Muruj Cham (Murooj al-Cham) Investment and Tourism Group; Adam and Investment LLC; Universal Market Company LLC; Cisteoir Federation of Syrian Chambers of Commerce; Inscne: fireann	In 2020, toghadh Al-Kattan ina chomhalta de Damascus Chamber of Commerce. I mí na Samhna 2021, cheap Rialtas na Siria Al-Kattan ina rúnaí ar Federation of Syrian chambers of commerce, d'ainneoin gur cailleadh na toghcháin.	
294.	Khodr Ali TAHER (ar a dtugtar freisin <b>خضر علي طاهر</b> )	Dáta Breithe: 1976; Náisiúntacht: Siriach; Post: Stiúrthóir agus úinéir Ella Media Services; duine de bhunaitheoirí Castle Security and Protection agus Jasmine Contracting Company; Cathaoirleach agus duine de bhunaitheoirí Syrian Hotel Management Company; Bainisteoir agus úinéir Ematel; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Citadel for Protection; Guard and Security Services (Castle Security and protection); Ematel LLC (Ematel Communications); Syrian Hotel Management Company; Jasmine Contracting Company; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú in iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria, lena n-áirítear an tslándáil phríobháideach, miondíol fón póca, bainistiú ósta, seirbhísí fógraíochta, aistriú airgid intíre, deochanna alcólacha agus neamh-alcólacha.  Tacaíonn sé leis réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as trí chomhar ina chuid gníomhaíochtaí gnó agus trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí smuigléireachta agus brabúsaíochta. Tá roinnt cuideachtaí faoi úinéireacht Khodr Ali Taher agus chomhbhunaigh sé roinnt eile. Tá baint aige le déileálacha gnó leis an réimeas, lena n-áirítear dul i gcomhfhiontar leis an Syrian Transport and Tourism Company, a bhfuil a dhá thrian faoi úinéireacht na hAireachta Turasóireachta.	17.2.2020'

(3) i Roinn B (Eintitis), cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	Bena Properties	Cham Holding Building, Daraa Highway, Ashrafiyat Sahnaya Rif Dimashq, Syria, P.O. Box 9525	I seilbh Rami Makhoul. An chuideachta réadmhaoine is mó sa tSiria agus fochuideachta réadmhaoine agus infheistíochta Cham Holding; soláthraíonn sé cistiú do réimeas na Siria.	23.6.2011
2.	Al Mashreq Investment Fund (AMIF) (ar a dtugtar freisin Sunduq Al Mashrek Al Istithmari)	P.O. Box 108, Damascus, Syria; Teil: +963 112110059 / 963 112110043; Facs: +963 93333149	I seilbh Rami Makhoul. soláthraíonn sé cistiú do réimeas na Siria.	23.6.2011
18.	Syriatel	Syriatel Mobile Telecom Building, Amman Road, Daraa Highway, Ashrafiyat Sahnaya Area, Damascus, Syria, P. O. Box 2900; Teil: +963 11 61 26 270; Facs: +963 11 23 73 97 19; Ríomhphost: info@syriatel.com.sy; Suíomh gréasáin: <a href="http://syriatel.sy/">http://syriatel.sy/</a>	Tugann sé tacaíocht airgeadais do réimeas na Siria: trína chonradh ceadúnaithe, íocann sí 50 % nó níos mó dá bhrabús leis an Rialtas.	23.9.2011
24.	Mechanical Construction Factory (MCF)	P.O. Box 35202, Industrial Zone, Al-Qadam Road, Damascus, Syria Teil :+963 011 5810719 ; +963 11 4474579 ; +963 11 5810718 ; +963 11 5810719 ; Ríomhphost: info@metallic-sy.com. agus shaamco@mail.sy	Cuideachta chaoch lena bhfaigheann CERS trealamh íogair.	1.12.2011
25.	Syronics – Syrian Arab Co. for Electronic Industries	Kaboon Street, PO Box 5966, Damascus, Syria; Teil: +963 11 5111352; Facs: +963 11 5110117 Ríomhphost: info@syronics.com.sy	Cuideachta chaoch lena bhfaigheann CERS trealamh íogair.	1.12.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
26.	Handasieh – Organization for Engineering Industries	P.O. Box 5966, Abou Bakr Al-Seddeq St., Damascus, Syria agus P.O. Box 2849, Al-Moutanabi Street, Damascus, Syria agus P.O. Box 21120, Baramkeh, Damascus, Syria; Teil: + 96311 2121824; +963 11 2121825; +963 11 2131307; Ríomhphost: g.o.eng.ind@net.sy	Cuideachta chaoch lena bhfaigheann CERS trealamh íogair.	1.12.2011
34.	Syrian Lebanese Commercial Bank	Syrian Lebanese Commercial Bank Building, 6th Floor, Makdessi Street, Hamra, P.O. Box 11-8701, Beirut, Lebanon; Brainse Hamra: Hamra Street, Darwish and Fakhro Building, P.O. Box 113-5127/11-8701, Beirut, Lebanon Brainse Mar Elias: Mar Elias Street, Fakhani Building, P.O. Box 145 796, Beirut, Lebanon Teil:+961 1 741666; Facs: +961 1738214; Suíomh gréasáin: www.slcb.com.lb	Fochuideachta de chuid Commercial Bank of Syria arna liostú cheana. Tugann sé tacaíocht airgeadais don réimeas.	23.1.2012
38.	Central Bank of Syria	Sabah Bahrat Square, Damascus, Syria Seoladh poist: Altjreda al Maghrebeh Square, Damascus, Syria, P.O. Box: 2254 Teil: +961011 - 9985 Ríomhphost : info@cb.gov.sy Suíomh gréasáin : https://www.cb.gov.sy/	Tugann sé tacaíocht airgeadais do réimeas na Siria.	27.2.2012



	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
56.	The Baniyas Refinery Company (ar a dtugtar freisin Baniyas; Banyas)	Baniyas Refinery Building, 26 Latkia Main Road, Tartous, P.O. Box 26, Syria; 352, Tripoli Street, PO Box 352, Homs	Fochuideachta de chuid an General Corporation for Refining and Distribution of Petroleum Products (GCRDPP), roinn de chuid Ministry of Petroleum and Mineral Resources. Tugann sé tacaíocht airgeadais do réimeas na Siria.	23.7.2014
57.	The Homs Refinery Company (ar a dtugtar freisin Hims, General Company for Homs Refinery)	General Company for Homs Refinery Building, 352 Tripoli Street, Homs, P.O. Box 352, Syria Teil: 963-3125-16401 Facs: 963-3124-70101 Ríomhphost : homs-refine@mail.sy	Fochuideachta de chuid an General Corporation for Refining and Distribution of Petroleum Products (GCRDPP), roinn de chuid Ministry of Petroleum and Mineral Resources. Tugann sé tacaíocht airgeadais do réimeas na Siria.	23.7.2014
67.	Hamsho Trading (ar a dtugtar freisin Hamsho Group; Grúpa Trádála Hmisho; Hmisho Economic Group)	Hamsho Building, 31 Baghdad Street, Damascus, Syria Grúpa Hamsho, Damascus countryside – northern road-ring, Hamsho le haghaidh trádála agus tógála; Ríomhphost: info@hamsho-group.com. Teil: 00963 (11) 3227530.	Fochuideachta de Hamsho International, a d'ainmnigh an Chomhairle. Tá Hamsho Trading bainteach mar sin le heintiteas ainmnithe, Hamsho International. Tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria trína chuid fochuideachtaí, lena n-áirítear Syria Steel. Tá sé bainteach le grúpaí amháil mílístí Shabiha, atá ar son an réimis, trína fhochuideachtaí.	7.3.2015
77.	Al Qatarji Company (ar a dtugtar freisin Qatarji International Group; Al-Sham and Al-Darwish Company; Qatarji/Khatirji/Katarji/Katerji Group) (مجموعة/شركة قطر جي)	Cineál eintitis: cuideachta phríobháideach; Earnáil ghnó: allmhairiú/onnmhairiú; cuideachta trucaile; ola agus tráchtarraí a sholáthar; Ainm an Stiúrthóra/an Bhainistíochta: Hussam Al Qatarji, CEO (arna ainmniú ag an gComhairle); Úinéir tairbhiúil deiridh: Hussam Al Qatarji (arna ainmniú ag an gComhairle); Seoladh cláraithe: Mazzah, Damascus, Syria; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/ naisc: Arvada/Arfada Petroleum Company JSC	Cuideachta mór le rá atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla i ngeilleagar na Siria. Sin trí thrádáil breosla, arm agus armlóin a éascú idir an réimeas agus gníomhaithe éagsúla, lena n-áirítear ISIL (Da'esh) faoi scáth earraí bia a allmhairiú agus a onnmhairiú, trí thacú le mílístí atá ag troid i dteannta an réimis agus trí bhuntáiste a bhaint as an gceangal atá aici leis an réimeas chun a gníomhaíochtaí tráchtála féin a leathnú, tacaíonn Al Qatarji Company – dar ceann feadhna an duine ainmnithe Hussam al-Qatarji agus ar comhalta é de Thionól Mhuintir na Siria – le réimeas na Siria agus baineann sí leas as an réimeas sin.	17.2.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
78.	Damascus Cham Holding Company (ar a dtugtar freisin Damascus Cham Private Joint Stock Company) (القابضة الشام دمشق)	Cineál eintitis: cuideachta atá faoi úinéireacht phoiblí faoin dlí príobháideach; An earnáil gnó: forbairt réadmhaoine; Ainm an Stiúrthóra/an Bhainistíocht: Adel Anwar al-Olabi, cathaoirleach Bhord na Stiúrthóirí agus Gobharnóir ar an Damaisc (arna ainmniú ag an gComhairle); Úinéir tairbhiúil deiridh: Gobharnóireacht na Damaisce; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/nais: Rami Makhlouf (arna ainmniú ag an gComhairle); Samer Foz (arna ainmniú ag an gComhairle); Mazen Tarazi (arna ainmniú ag an gComhairle); Talas Group, atá faoi úinéireacht an fhir gnó, Anas Talas (arna ainmniú ag an gComhairle); Khaled al-Zubaidi (arna ainmniú ag an gComhairle).	Ba é an réimeas a bhunaigh Damascus Cham Holding Company, mar ghéag infheistíochta de Ghobharnóireacht na Damaisce chun maoin ghobharnóireacht na Damaisce a bhainistiú agus tionscadal Marota City a chur chun feidhme — tionscadal réadmhaoine galánta as talamh a díshealbhaíodh uathu siúd a díshealbhaíodh faoi Fhoraithe Uimh. 66 agus Dlí Uimh. 10 go háirithe. Trí bhainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme Marota City, tacaíonn Damascus Cham Holding (dar cathaoirleach Gobharnóir na Damaisce) le réimeas na Siria agus baineann sí tairbhe as an réimeas sin agus soláthraíonn sí sochair do lucht gnó a bhfuil dlúthcheangal acu leis an réimeas agus a bhfuil margaí brabúsacha déanta acu leis an eintiteas sin trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	17.2.2020'



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)